Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála**

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i)

**(a) Dhá phointe (8+7)**

Ba mhian leis na saighdiúirí leanúint ar aghaidh thar Phulas, ach b'éigean dóibh dul i dtír ann faoi cheannas Dhéamastainéas mar gheall ar stoirm. Cé gur cuireadh in aghaidh Dhéamastainéas, chuir sé ina luí ar na fir gurbh fhiú dóibh an áit a dhaingniú, mar go raibh siad suite ar bharr aird 45 míle ó Sparta, áit a raibh cuan maith nádúrtha agus go leor cloiche agus adhmaid in aice láimhe. Chuaigh an aimsir in olcas agus tháinig leadrán ar na fir agus shocraigh siad ar an áit a dhaingniú. Ní raibh uirlisí ar bith acu, mar sin d'iompair siad na clocha de láimh, obair a thóg 6 lá orthu a chríochnú. Ba mhaith an áit é le tógáil ann agus an chosaint nádúrtha a bhí ann. Bhí féile ar siúl ag na Spartaigh, mar sin níor chuala siad trácht ar na daingnithe in am agus níor ghlac siad go dáiríre leo. D'fhág na hAithnigh Déamastainéas agus cúig long ann mar gharastún.

(15)

**(b) Cuntas comhleanúnach (9+8+8)**

Sfaictéiria – b'oileán é os comhair bhéal chuan Phulas a bhí thart ar mhíle go leith ar fad. Bhí an dá bhealach isteach sa chuan amach ó dhá cheann an oileáin agus bheartaigh na Spartaigh iad sin a bhlocáil. Chuir siad roinnt hoiplíteach ar an oileán a roghnaíodh i gcrannchur; 420 fear san iomlán in éineacht lena gcuid héalótaí agus iad uile faoi cheannas Epitadas. Idir an dá linn, tharraing Déamastainéas na tríréimí i dtír, thóg sé sonnach mórthimpeall orthu agus thug sé drochsciatha sailí dá shaighdiúirí. Tháinig 40 hoiplíteach as Messenia ina chuideachta agus shuigh sé an fórsa os comhair na talún amach. Chuaigh sé féin agus an 40 hoiplíteach síos chuig an bhfarraige chun cosc a chur ar na Spartaigh teacht i dtír. Thug sé óráid spreagúil dá fhir, á thathant orthu gan eagla a bheith orthu roimh na naimhde a bhí níos líonmhaire ná iad féin. Cuireadh tús leis an ionsaí faoi cheannas Thrasymelidas. Ach ba é Brasadas an ginearál a bhí ar fheabhas. Ghabh an Aithin a sciath agus d'úsáid mar thrófaí í. B'ait leis na hAithnigh a bheith ag troid ar an talamh agus leis na Spartaigh a bheith ag troid ar an bhfarraige. Ar an tríú lá, thosaigh na Spartaigh ag bailiú adhmaid chun innill léigir a dhéanamh. Tháinig 50 long de chuid loingeas na hAithne aduaidh as Zacynthus. Lá arna mhárach, sheol siad an dá bhealach isteach sa chuan chun ionsaí a dhéanamh. Rinne siad damáiste mór do loingeas Sparta, a theith agus a thréig na fir ar Sfaictéiria. Bhí sé ina chíor thuathail; faoi dheireadh, rinne na Spartaigh iarracht sos cogaidh a chomhaontú leis an Aithin le go bhféadfaidís na fir a tharrtháil ón oileán. Thug na Spartaigh 60 long ar láimh do na hAithnigh, a d'aontaigh soláthairtí a chur chuig na fir ar an oileán. Rinne na Spartaigh iarracht a chur ina luí ar an Aithin comhaontú síochána a dhéanamh ach níorbh shin é a theastaigh ó Chléón, a d'áitigh go láidir go mbeadh sé de bhuntáiste acu leas a bhaint as na fir ar an oileán. Bhris an cogadh amach arís agus rinne na hAithnigh patrólú ar an oileán. Ba dheacair do na

hAithnigh é toisc go raibh siad ar ghannchuid uisce. Idir an dá linn, dúradh leis na héalótaí go gcúiteofaí go maith leo é dá dtabharfaidís soláthairtí faoi rún chuig na Spartaigh a bhí faoi léigear ar an oileán. Thosaigh na hAithnigh ag déanamh imní go mb'fhéidir go mbeadh orthu éirí as an léigear. Tarraingíodh míghnaoi gach aon duine ar Chléón. Thall ar Sfaictéiria, bhí tine ann a d'fhág formhór an oileáin gan choillte. Bhí Déamastainéas níos dóchasaí go bhféadfadh sé an t-oileán a ghabháil dá bharr. Tháinig Cléón ina chuideachta, mar ní ligfeadh an náire dó gan dul i gceannas na sluaíochta. Thug siad deis do na Spartaigh géilleadh, a dhiúltaigh dóibh, agus rinne siad ionradh ar an oileán roimh éirí na gréine (thart ar 800 fear ag teacht isteach ó dhá cheann an oileáin). Ghabh siad an chéad phost garda ina raibh tuairim is 30 fear agus chuaigh siad i dtreo lár an oileáin, mar a raibh daingniú á choimeád ag an gcuid eile acu. Ar bhreacadh an lae, tháinig an 70 long eile i dtír agus ghabh na fir seilbh ar an talamh ab airde ar gach taobh. Bhí airm chuid mhór acu ceaptha le haghaidh troid fadraoin. Rinne na Spartaigh iarracht dul i ngleic leis an namhaid i gcóngar ach cuireadh ar gcúl iad arís agus arís eile. Dá mhéad an brú a bhí ar na Spartaigh, is ea ba lú an eagla a bhí ar na hAithnigh rompu. Thit na Spartaigh siar chuig bun an oileáin mar a raibh na daingnithe agus rinne siad iarracht iad a chosaint. Bhí Ceannasaí mhuintir Messania ar an eolas faoi chonair chrochta rúnda agus chuaigh sé féin agus roinnt fear á leanúint nó go raibh siad os cionn na háite a raibh na Spartaigh, cosúil lenar tharla ag Tearmápalae. Bhí na hAithnigh níos líonmhaire ná na Spartaigh agus mórthimpeall orthu; bhí an tuar nite. Faoi cheannas Stryphon, ghéill siad, gabhadh 292 acu mar phríosúnaigh agus tugadh siar go dtí an Aithin iad.

(25)

**(c) Dhá phointe (5+5)**

Bhí iontas ar na Heilléanaigh uile go bhfuarthas an lámh in uachtar ar na Spartaigh agus, thar aon rud eile, gur ghéill siad a gcuid arm. Níor tharla a leithéid riamh roimhe. Bhí sé de bhuntáiste ag na hAithnigh go raibh príosúnaigh acu, rud a chuir cosc ar na Spartaigh ionsaí a dhéanamh ar an Ataic, agus bhí Pulas agus an ceantar máguaird daingnithe go maith freisin agus i seilbh mhuintir Messania. Uaidh sin, rinne muintir Messania creacha istigh sa Laconia, rud a chorraigh na Spartaigh go mór.

(10)

(ii) **Cuntas cuimsitheach (17+17+16) dhá shampla ab fhearr.**

Tá cuid den pháirt a ghlac muintir Phlatae sa chogadh le sonrú in imeachtaí na bliana 431 R.Ch., nuair a rinne buíon armáilte ón Téibh ionsaí ar Phlatae, ar chomhghuaillí leis an Aithin é, ar chuireadh ó pháirtí de mhuintir Phlatae iad féin a bhí faoi cheannas Nauclides. Ar dtús, ghlac muintir Phlatae le tairiscint mhuintir na Téibhe go mbeidís i bpáirt sa Chonradh Béóitiach ach thug muintir Phlatae faoi deara le himeacht aimsire nach raibh mórán de mhuintir na Téibhe ann agus d’ullmhaigh siad chun ionsaí a dhéanamh orthu. Roimh éirí na

gréine, d’éalaigh siad óna dtithe agus thosaigh gach duine, mná agus sclábhaithe san áireamh, ag caitheamh cloch ó na díonta. Maraíodh formhór mhuintir na Téibhe. Dhún duine de mhuintir Phlatae an príomhgheata ach sleá a úsáid mar bholta. Rith dream ollmhór isteach i bhfoirgneamh ar an míthuiscint gur bearna gheata a bhí ann agus gabhadh iad. Chuir báisteach throm agus abhainn an Asopus, a bhí ag tuile, moill ar fhórsa tacaíochta mhuintir na Téibhe a tháinig i láthair rómhall. Bheartaigh siad cuid de mhuintir Phlatae a ghabháil lasmuigh de na ballaí, ach chuir muintir Phlatae teachtaire chucu a dúirt leo tarraingt siar má theastaigh uathu a gcuid príosúnach a fháil ar ais. Tharraing mhuintir na Téibhe siar agus mharaigh muintir Phlatae an 180 príosúnach. Fuair siad cúnamh ina dhiaidh sin ón Aithin agus d’ullmhaigh siad le haghaidh cogaidh a tharlódh go cinnte. Rinne na Béóitiaigh slad ar an talamh mórthimpeall ar Phlatae.

Sa bhliain 429 R.Ch., mháirseáil na Peilipinéisigh agus a gcomhghuaillithe in aghaidh Phlatae faoi cheannas Archidamus. Chuir muintir Phlatae ambasáid chuige a d’áitigh air gan an chathair a ionsaí agus a mheabhraigh dó gur gheall rí Spartach roimhe sin go mbeadh Platae neamhspleách. Dúirt siad leis go mbeadh sé ag dul siar ar mhionn a thug a shinsear dá ndéanfadh sé ionsaí ar an gcathair. D’fhreagair Archidamus go raibh ar Phlatae fanacht neodrach, seachas bheith ag taobhú leis an Aithin a chuir stáit Ghréagacha eile i ndaoirse. Bhí mná agus páistí Phlatae san Aithin faoin am sin. Mhol Archidamus go dtabharfaidís a gcathair ar láimh agus go n-imeoidís, ach ní cheadódh na hAithnigh sin agus gheall siad do mhuintir Phlatae go dtabharfaidís dóibh aon chúnamh a bhí uathu. Ghuigh Archidamus chun na déithe fianacht a thabhairt nach raibh sé ag dul siar ar mhóid ná á iompar féin go bagrach. Thóg na Spartaigh sonnach agus mullóg a raibh creat adhmaid aici in éadan bhalla na cathrach. Thóg an obair sin 70 lá agus oíche orthu agus iad ag sealaíocht. Thóg muintir Phlatae balla adhmaid laistigh dá mballa cathrach agus dhaingnigh siad é le brící as tithe. Clúdaíodh le craicne ainmhithe é. Rinne siad iarracht freisin an bonn a bhaint den mhullóg Spartach trí thollán a thochailt faoina lár agus an ithir a thabhairt amach as. Ina dhiaidh sin, thóg muintir Phlatae balla nua corránach laistigh den bhalla eile, a fhad agus a bhí na Spartaigh ag tabhairt innill léigir aníos chucu. D’ionsaigh muintir Phlatae na hinnill le rópaí, ag breith orthu agus á dtarraingt anuas, agus le reithí cogadh a bhí ar crochadh ón mballa, á mbualadh. Rinne na Spartaigh iarracht ansin an chathair a loscadh agus ba mhór an damáiste a rinneadh, ach thosaigh sé ag cur báistí go trom agus sábháladh muintir Phlatae. D’imigh an chuid ba mhó d’arm Sparta ansin, gan ach garastún a fhágáil ina ndiaidh chun balla a thógáil mórthimpeall na cathrach. Faoin am sin, bhí thart ar 600 duine fágtha sa chathair. Faoi gheimhreadh na bliana 428 R.Ch., bhí lón bia mhuintir Phlatae ag dul i ngainne agus bheartaigh 220 acu breabhaid a thabhairt faoi cheannas Theaenetus agus Eupompides Bhí sé contúirteach. Chomhair siad na brící a bhí i mballa na namhad agus rinne siad amach cén airde a chaithfeadh a ndréimirí a bheith. Déanta na fírinne, bhí dhá bhalla ann agus bearna 16 troithe eatarthu, nach mór. Bhí botháin idir na ballaí chomh maith le forbhallaí agus túir ar na ballaí. D’fhan siad nó go raibh oíche dhorcha stoirme ann agus théaltaigh siad amach as an gcathair. Choinnigh siad siar óna chéile sa chaoi nach ndéanfadh a gcuid arm clonscairt agus níor chaith siad bróga ach ar a gcois chlé. Roghnaigh siad cuid den bhalla nach mbeadh faoi chosaint, dar leo, agus thosaigh 12 fear acu á dhreapadh le dréimirí faoi cheannas Ammias. Bhí ag éirí go maith leo go dtí gur cuireadh scláta ag sciorradh den díon trí thimpiste. Ag an

nóiméad sin, bhí cuid de mhuintir Phlatae a bhí istigh sa chathair ag tabhairt breabhaide ar an taobh eile den bhalla mar chleas seachráin. Ní raibh a fhios ag na Spartaigh ná ag na Téibhigh céard a bhí ar siúl. Mharaigh muintir Phlatae na fairtheoirí agus d'ionsaigh siad an namhaid ó na túir, rud a lig don chuid eile acu éalú. B'fhíordheacair dóibh é, mar bhí uisce domhain sa díog agus bogoighear ar an talamh freisin. Bhí siad siúd a d'éalaigh cliste toisc go ndeachaigh siad bóthar na Téibhe (an bóthar deireanach a mbeadh súil ag a naimhde leis) agus bhain siad an Aithin amach. Sa bhliain 427 R.Ch., tháinig an chuid eile de mhuintir Phlatae chun réitigh leis na Spartaigh. Ghéill siad dá ndeoin féin agus beathaíodh iad ar feadh 5 lá nó gur tháinig breithiúna as Sparta. Fiafraíodh de gach duine de mhuintir Phlatae faoina ndearna sé nó sí ar son chúis Sparta. Labhair Astymachus agus Lacon ar son mhuintir Phlatae, ag rá go raibh coinne acu le triail cheart, ní triail inar tugadh an breithiúnas roimh ré. Chuir siad i gcuimhne do na Spartaigh go ndeachaigh siad i gcomhar leo sa chogadh i gcoinne na Peirse agus mheabhraigh siad dóibh faoin gcaoi ar chabhraigh muintir Phlatae le Sparta le linn éirí amach na Héalótaí. Chuir siad in iúl gur chabhraigh na hAithnigh leo nuair a bhí siad ag troid in aghaidh mhuintir na Téibhe agus gur dhual dóibh, mar sin, bheith ina gcomhghuaillithe. Chuir siad in iúl freisin nár thaobhaigh an Téibh leis na Gréagaigh i gcoinne na bPeirseach. Dúirt siad go mbeadh dea-chlú Sparta thíos leis dá gcaithfidís go dona le muintir Phlatae. Chuir siad in iúl gur ghéill siad dá ndeoin féin agus nár chóir go marófaí iad. Chuir siad Cogadh na bPeirseach, inar throid siad taobh le taobh, i gcuimhne go leanúnach dóibh. Rinne siad iarracht na Spartaigh a scaradh ó mhuintir na Téibhe, arbh iad a bhfíornamhaid iad.

Labhair muintir na Téibhe ansin agus dúirt siad go ndearna muintir Phlatae feall ar Bhéóitia nuair a thaobhaigh siad leis an Aithin. Rinne siad iarracht a rá go raibh údar leo taobhú leis na Peirsigh toisc gurbh í an olagarcacht a bhí i gcumhacht ag an am an dream a rinne an cinneadh. Chabhraigh agus neartaigh muintir Phlatae leis an Aithin cos ar bolg a dhéanamh ar chathracha eile. Chuir siad in iúl gur tairgeadh saoirse do mhuintir Phlatae dá bhfanfaidís neodrach ach nár fhan. Dúirt siad gur tháinig siad isteach i bPlatae ar an ábhar gur tugadh cuireadh dóibh agus ar an ábhar sin amháin. Chuir siad in iúl go ndearna siad forógra nach raibh foréigean ar bith á bheartú acu, ach gur ionsaíodh mar sin féin iad. D'áitigh siad ar na Spartaigh gach a raibh i ndán do mhuintir Phlatae a thabhairt dóibh, mar go raibh sé tuillte go maith acu as iad féin a iompar go náireach tréatúrtha. Chinn na Spartaigh ansin gur ceist chóir a bhí ann, go raibh siad ag brath ar neodracht mhuintir Phlatae agus gur uirthise ba chóir go mbeadh a gcinniúint ag brath. D'fhreagair an t-iomlán acu nach ndearna agus maraíodh iad uile, thart ar 200 acu móide 25 as an Aithin. Rinneadh sclábhaithe de na mná. Leagadh an chathair go talamh agus tógadh scrín Héire ina háit.
(50)

(iii)

**(a) Trí phointe (7+7+6)**

Sa bhliain 416 R.Ch., chuaigh na hAithnigh i gceannas ar shluaíocht go dtí Méileas, ar choilíneacht de chuid Sparta í. Bhí 38 long ag na hAithnigh mar aon le 1,200 hoiplíteach, 300 boghdóir, 20 boghdóir ar chapall agus thart ar 1,500 hoiplíteach de chuid a gcomhghuaillithe. Chuir siad ionadaithe chuig an dream a bhí i gceannas le rá nárbh aon mhaith dóibh

deisbhéalaíocht gan bhrí gan substaint, go ndéanann an té atá láidir a bhfuil de chumhacht aige a dhéanamh agus go nglacann an té atá lag lenar gá dó glacadh. Táimid anseo ar mhaithe lenár n-impireacht féin agus táimid ag iarraidh go dtiocfaidh sibh slán ó scriosadh na cathrach seo agaibhse. Dá ngéillfeadh sibh, bheadh sibh do bhur sábháil féin ón tubaiste. Dá mbeimis róchairdiúil libh, cheapfadh ár gcuid géillsineach go bhfuilimid lag, rud nach féidir linn a cheadú. Is muide atá i gceannas na mara agus is oileán sibhse, mar sin caithfimid sibh a chur faoi smacht le go mbeidh ár n-impireacht slán. Má tá ciall agaibh, tuigfidh sibh nach bhféadfadh an bua a bheith agaibh agus gur chóir daoibh géilleadh. "Is daor é an dóchas". Bígí céillí agus ná cuirigí bhur ndóchas i dtuairimí doiléire. Tá na déithe ag tacú linne an oiread céanna agus libhse. Is dual dúinn bheith i gceannas ar ar féidir linn; nílimid ach ag déanamh de réir dhlí an nádúir. Ná bígí ag ceapadh go dtiocfaidh Sparta ag cabhrú libh, mar is amaideach an smaoineamh é. Ní minic a dhéanann siad an rud uasal mura bhfeileann sé dóibh féin. Cén seans atá agaibh teacht slán inár gcoinne? Is iontach mar a éiríonn linn agus muid i mbun léigir; má sheasann sibh le meon amaideach uaisleachta, is é bhur scriosadh é. Is stuama an smaoineamh i gcónaí é caitheamh le bhur gcuid uachtarán le hurraim agus le hómós.

(20)

**(b) Trí phointe (7+7+6)**

Is é an rud a dúirt muintir Mhéileas: Seo argóint nach féidir linn a bhuachan mar go bhfuil sibhse ag bagairt ionsaí orainn le fórsa ollmhór. Níl de rogha againn ach géilleadh nó déanfar ionsaí orainn. Ba chóir do gach duine é féin a iompar go ceart agus go cóir i leith a chéile, mar sin an rud ba mhian libh féin dá dtitfeadh sibh sa chomhrac. Cén mhaith dúinne é bheith inár sclábhaithe agus sibhse in bhur máistrí orainn? Nárbh fhéidir linn fanacht neodrach? Nílimid ceangailte libh; ní ceann de bhur gcuid coilíneachtaí muid. Nach cinnte go mbeidh stáit neodracha eile naimhdeach libh nuair a fheicfidh siad an chaoi a bhfuil sibh ag caitheamh linn? Nár láidre bhur naimhde dá dheasca? Is cinnte gurb é an t-aon rud uasal is féidir linn a dhéanamh diúltú don sclábhaíocht. Uaireanta, ní féidir a thomhas cén toradh a bheidh ar chogadh agus bíonn malairt chinniúna ann; má sheasfaimid an fód, beidh dóchas againn ar a laghad. Tá muinín againn as dea-mhéin na ndéithe toisc go seasaimid ar thaobh an chirt. Is iad ár muintir iad na Spartaigh a thaobhóidh agus a chabhróidh linn. Beidh sé ar a leas féin. Mura dtiocfaidh siad iad féin, seans go gcuirfidh siad daoine eile chugainn. Cuirimid ár ndóchas iontusan agus sna déithe. Táimid saor le 700 bliain anuas agus nílimid chun an tsaoirse sin a chaitheamh uainn anois.

(20)

**(c) Dealramh ex 10**

Is féidir leis na hiarrthóirí a áitiú nach raibh argóintí na nAithneach uasal ach go raibh siad bailí go maith i bhfianaise chúrsaí cumhachta agus polaitíochta an lae, agus go raibh na hAithnigh ionraic agus fiú mura raibh siad trócaireach. Nó, d'fhéadfadh na hiarrthóirí a áitiú

gur bulaíocht a bhí in argóintí na nAithneach a léiríonn easpa moráltachta agus an meon gurb í an chumhacht amháin is bonn cirt acu. Glactar leis an dá dhearcadh.

(10)

(iv)

**(a) Dhá phointe (10+10)**

Nicias: Tá sé faichilleach; níl sé ag iarraidh a ladar a chur isteach i ngnóthaí "eachtracha" ach tá imní air faoina shábháilteacht féin. Deir sé nach í an onóir phearsanta atá á lorg aige agus é ag labhairt amach, ach go bhfuil sé ag cur in iúl gur plean amaideach é. Ní maith leis dul sa seans agus ní dóigh leis nach mbrisfear an conradh atá anois ann má thagann athrú ar chúrsaí. Is é an fhealsúnacht atá aige gurbh fhearr greim a choinneáil ar a bhfuil acu cheana seachas críocha nua a thabhairt faoina smacht. Breathnaíonn sé chun cinn agus labhraíonn sé faoina dheacracht a bheidh sé na Siciligh a rialú tar éis dóibh iad a chloí. Tuigeann sé a mhealltaí atá an tsluaíocht, óir "is glas iad na cnoic i bhfad uainn". Tá sé fíorchúramach gan na Spartaigh a mheas faoina gcumas. Bíonn sé stuama i gcónaí ó thaobh airgid de agus creideann sé nár chóir don Aithin a bheith á chaitheamh. Tráchtann sé go feanntach faoi óige agus faoi thallann tobann Alcaibiaidéis. Bíonn sé ciallmhar críonna agus ciúin meáite i mbun smaointeoireachta. I gcomparáid le hAlcaibiaidéas, tá sé fadbhreathnaitheach agus is cosúil go ndearna sé staidéar níos mine ar chúrsaí sa tSicil. Nuair a thugann sé faoi deara nár chuir sé ina luí ar an bpobal gan sluaíocht a dhéanamh, éilíonn sé go gcuirfí dóthain trúpaí ar fáil, ar a laghad, le go n-éireodh léi. Tá sé cliste agus déanann sé cleasaíocht chun a mhéad a chaithfeadh an fórsa a bheith a mhíniú dóibh, sa tsúil go gcuirfeadh sin dá dtreoir iad. Ach níor chuir. Is é an rud is príomhchúis imní anois dó an tsábháilteacht agus an chinnteacht; ní theastaíonn uaidh dul sa seans le rud ar bith.

(20)

**Dhá phointe (10+10)**

Alcaibiaidéas: Chuir Nicias síos air cheana féin mar fhear atá ró-óg, atá ar thóir "saol ar dóigh" dá chuid féin, atá "faoi dheifir". Coinníonn sé capaill agus is breá leis a bheith molta. Déantar cur síos air mar dhuine róchaifeach. Tá mianach "as an ngnáth" ann, gan aithne dlí aige ina shaol príobháideach ná ina chuid nósanna. Is féidir go raibh sé ag iarraidh a bheith ina dheachtóir. Ach ba ghinearál an-mhaith é mar sin féin. Meabhraíonn sé don slua ar dtús faoin gcaoi ar tharraing sé clú agus cáil ar an gcathair sna Cluichí Oilimpeacha nuair a chuir sé 7 gcarbad isteach i rás na gcarbad, líon ba mhó ná mar a bhfacthas riamh, ag baint an $1^{ú}$, an $2^{ú}$ agus an $4^{ú}$ háit amach agus ag déanamh ceiliúradh mór millteach. Bíonn sé mórtasach sotalach mar sin, gan drogall air maíomh as féin. Meabhraíonn sé dóibh freisin faoi na cóir a thug sé dóibh, a chuid airgid féin á chaitheamh aige chun leas na cathrach. Is air féin is mó a bhíonn sé ag caint. Deir sé go mbíonn a chuid namhad in éad leis. Deir sé nach mbaineann a shaol príobháideach le hábhar agus tarraingíonn sé aird ar na Spartaigh a tháinig i gcomhar leo ag am cinniúnach dá bharr agus ar a fheabhas a dhéileálann sé le gnóthaí poiblí. Maidir leis an seans go mbeadh na Siciligh láidir i mbun friotaíochta, caitheann sé uaidh é mar scéal

agus ní thugann sé mórán airde in aon chor ar an gceist go mbeidís i mbun cogaíochta ar dhá fhronta. Bíonn sé lánchinnte de féin agus dóchasach freisin, á rá go bhfuil sé de bhuntáiste aige a bheith óg. D'fhéadfá cur síos air mar dhuine a bhfuil meon fíordhíograiseach agus dearcadh fíorimpiriúil aige. Teastaíonn uaidh a bheith gnóthach i gcónaí agus ag síorthabhairt críoch faoi smacht. Is fuath leis a bheith socair díomhaoin. Is léir gur cainteoir áititheach carasmatach é. Gaois, aireachas agus argóintí meáite atá le haithint ar Nicias; gáifeacht, gaotaireacht agus stíl spreagúil ar Alcaibiaidéas.

(20)

**(b) Dhá phointe (5+5)**

Níor theastaigh uaidh go roghnófaí mar cheannasaí é, mar cheap sé gur botún mór a bheadh sa tsluaíocht go dtí an tSicil agus chuir sé comhairle ar na hAithnigh gan an tsluaíocht a sheoladh. Déanann sé argóint go háititheach críonna nár cheart dul i mbun cogaíochta ar dhá fhronta ná naimhde nua a dhéanamh agus a chur leis an méid atá acu cheana. Creideann sé go mbrisfear an conradh má dhéanann siad ionradh ar an tSicil agus go mbeadh sé i bhfad ródheacair na stáit Shicileacha a choinneáil faoi smacht fiú má éiríonn leo iad a chloí. Déanann sé argóint i gcoinne na sluaíochta freisin ar an ábhar go mbeadh sí costasach.
(10)

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i)

**(a) Cuntas comhleanúnach (7+7+6) Gan trácht ar an gcaoi ar theip ar mhuintir na Téibhe na geataí a dhúnadh = 17 ar a mhéad.**

Sa bhliain 335 R.Ch., d'éirigh muintir na Téibhe agus na hAithne amach in éadan Alastair a bhí i mbun comhraic sa tuaisceart. A fhad agus a bhí Alastar sa tuaisceart ag troid le treibheanna na gcnoc, tháinig scéala faoi bhás Philib a ghríosaigh muintir na Téibhe chun ceannairce in aghaidh riail na Macadóine. Bhí ráfla bréige ag gabháil thart go bhfuair Alastar bás sa tuaisceart, ach mháirseáil sé go dtí an Téibh thar 13 lá agus roinnt raonta sléibhe. Ní raibh sé ach cúpla míle ó shiúl ón Téibh faoin am a bhfuair siad scéal cinnte go raibh sé beo beathach i ndáiríre. Thug sé am don chathair géilleadh ar dtús, ach chuir siad roinnt saighdiúirí coise agus marcra amach chun ionsaí a dhéanamh ar na Macadónaigh, a bhog go dtí an geata atá ar aghaidh na hAtaice amach. Bhí cuid de mhuintir na cathrach ag iarraidh teacht chun réitigh ach ba iad na reibiliúnaigh a bhí i gceannas. Rinne Perdiccas an chéad ionsaí as a stuaim féin, a bhearnaigh an sonnach agus a gortaíodh. Rinne Alastar ionsaí iomlán ina dhiaidh sin, ach dhiongbháil muintir na Téibhe go neartmhar iad agus d'imir siad taismigh ar na Macadónaigh. D'athchruinnigh na Macadónaigh, áfach, agus bhrúigh siad muintir na Téibhe siar ar ais sa chathair, áit a ndearnadh botún nuair a fágadh na geataí ar oscailt, rud a lig do na Macadónaigh teacht isteach ina sluaite agus sléacht a dhéanamh ar mhuintir na Téibhe. (20)

**(b) Dhá phointe: Go trócaireach agus go neamhthrócaireach (dealramh ex 15) Samplaí sonracha de dhíth.**

Rinne Alastar sléacht ar fhir na Téibhe, ach is suntasach an rud é gur fhág sé an cinneadh sin faoin gConradh go hoifigiúil. Rinneadh sclábhaithe de na mná agus de na páistí agus leagadh an chathair go talamh. Bhí trua aige don bhaintreach Timocleia agus d'fhág sé teach Pindar agus an Cadmeia ina seasamh. Lig sé a mbeo le roinnt daoine, ach bhain léirscrios ceann de chathracha móra na Gréige preab as an saol Gréagach trí chéile.
(15)

**(c) Trí phointe (5+5+5)**

Thar rud ar bith eile, is í cruálacht Alastair óig atá le sonrú anseo. Is léir ón gcaithréim sin a ghasta a bhí sé i mbun freagartha, a sheasmhaí a bhí sé agus a chinnte a bhí sé dá straitéis agus dá cheannasaíocht. Ach is é an rud is tábhachtaí anseo a bhrúidiúla, amach is amach, a bhí an pionós a ghearr sé agus a dhochreidte a bhí sé gur scrios Alastar ceann de chathracha móra na Gréige – bhí ceacht ansin do dhuine ar bith a chuirfeadh i gcoinne a chuid pleananna. Ní fhulaingeodh sé aon duine bheith ag cur ina choinne agus rinne sé sampla suaiteach den Téibh trí ghníomh míchuibheasach. Níl aon drogall air a bheith ag déanamh rudaí a mheasfadh daoine eile a bheith dó-ghlactha. Tá a chuid trócaire pearsanta le sonrú sa chaoi ar chaith sé le Timocleia agus is léir óna dhúthracht le Pindar an gean atá aige ar chúrsaí cultúrtha.

(15)

(ii)

**(a) Cuntas comhleanúnach (12+12+11)**

333 R.Ch., Cath Iseas. D'fhéadfadh iarrthóirí plé a dhéanamh ar Dháirias agus Alastar a bheith ag dul thar bráid a chéile ar thaobh eile an raoin sléibhe agus ar an gcaoi ar fhág sin Alastar ag féachaint i leith a chúil. Tá sé ríthábhachtach freisin go raibh Dáirias mífhoighneach agus nár éist sé le comhairle a leasa (á ligean d'Alastar láthair chatha a roghnú a bhí timpeallaithe beagán ag an bhfarraige agus na bunchnoic). Ar dtús, rinne na fir fonóid faoi na Peirsigh as sonnach adhmaid a thógáil agus thug Alastar óráid spleodrach uaidh. Ba é an baol ba mhó dósan go scoithfí a chliathán. Chuir Dáirias 20,000 fear le taobh an chliatháin dheis agus laistiar de. Bhain Alastar úsáid as a mharcra chun cliathán deas na namhad a ruaigeadh agus chuir sé ag luascadh isteach ina dhiaidh sin iad chun ionsaí a dhéanamh ar an lár. Ag an nóiméad deireanach, bhog sé aonad Teasálach óna chliathán deas go dtí Pairméinión ar chlé. Chuir sé a chliathán deas ar dronuillinneacha chun dul i ngleic leis na tulfheadhna Peirseacha ar dtús. D'éirigh go geal leis na Compánaigh ar an gcliathán deas, mar a raibh siad faoi stiúir Alastair, ach bhí deacrachtaí ag an bhfalang Macadónach a bhí ag troid sa lár le saighdiúirí tuarastail Gréagacha. Chas an cliathán deas ar a sáil agus tharrtháil siad an lár in am an ghátair. Bhí Pairméinión ag streachailt ar an gcliathán clé, ach a luaithe agus a thuig na Peirsigh gur theith Dáirias, ruaigeadh ar fad iad.

(35)

**(b) Trí phointe (5+5+5)**
Foghlaimímid faoina ardéirim i gcúrsaí beartaíochta agus straitéise; faoin am roimh thús an chatha, nuair a chuaigh trúpaí Dáirias thar a bhráid agus a chuir iallach air casadh ar ais, ach nár lig sé don easordú sin é a choinneáil siar; faoina ghlice a bhí sé ag roghnú láthair chatha agus a fheabhas a bhí sé ag imscaradh trúpaí; faoina chrógacht phearsanta féin (gortaíodh sa ghualainn agus sa leis é); faoin gcaoi ar iompair sé é féin tar éis an chatha, ina mbeadh tagairt d'Alastar a bheith ag dul sa tóir ar Dháirias go fuinniúil; faoin gcaoi ar chaith sé le muintir Dháirias; faoi na sochraidí breátha agus faoin luach saothair dá chuid fear; faoin bpreab ar bhain breáthacht an phubaill Pheirsigh as agus b'fhéidir faoin bhfreagra a thug sé ar litir Dháirias.
(15)

(iii)

**(a) Dhá phointe (5+5) Gan trácht ar an epigonoi = 7 ar a mhéad.**
Chuaigh na Macadónaigh chun ceannairce in Opis toisc gur fhógair Alastar go raibh na fir ba shine agus ba neamhábalta acu le dul abhaile gan é. Go bunúsach, bhí sé á ndífhostú agus ag cur an 30,000 comharba / epigonoi ina n-ionad. Buille na tubaiste a bhí ansin maidir leis an nimh san fheoil a bhí ag na Macadónaigh d'Alastar as fabhar a dhéanamh do na Peirsigh agus as iad féin a bhrú uaidh.
(10)

**(b) Caithfear plé le dhá roinn den óráid (10+15)**
Insíonn Alastar dá chuid fear go bhfuil cead a gcoise acu, ach tugann sé liosta ar dtús de na fáthanna ar chóir dóibh a bheith buíoch de Philib agus de siúd go háirithe. Deir sé gur ardaigh a athair aníos as an mbochtaineacht iad, á gcur i dtreo na glóire agus an tsaibhris agus ag déanamh laochra móra díobh. Tugann sé liosta d'éachtaí míleata Philib, lena n-áirítear gabháil na Gréige. Deir sé gur do na Macadónaigh ina n-iomláine í an onóir sin. Deir sé gur suarach iad éachtaí Philib i gcomparáid lena chuid féin agus tugann sé liosta de na pobail uile atá cloíte ag a arm. Cuireann sé in iúl nár ghnóthaigh sé mórán go pearsanta as an méid sin agus go raibh sé flaithiúil i gcónaí ag tabhairt luach a saothair dóibh. Cuireann sé in iúl go bhfuil an oiread céanna créachtaí aigesean agus atá ag aon fhear acusan agus go bhfuil an tslí mhaireachtála chéanna acu uile. Cuireann sé in iúl gur íoc sé a bhfiacha agus gur thórraigh sé na mairbh go sármhaith. Insíonn sé dóibh go bhfuil cead acu uile imeacht agus an chaoi ar fhág siad a rí a mhíniú.
(25)

**(c) Dhá phointe (8+7)**
Is eachtra fíorshuimiúil léiritheach é ina nochtar an dlúthcheangal idir na fir agus Alastar (is é an rud is cúis leis an gceannairc an nimh san fheoil a bhí acu d'Alastar as é a bheith dá mbrú uaidh) agus an fearg atá orthu as an bhfabhar a dhéanann sé do na Peirsigh. Cé go raibh 13 dhuine de na cinn feadhain curtha chun báis aige, tá siad fós dúthrachtach leis agus impíonn siad air fabhar a dhéanamh dóibh. Tá sé curtha thar bharr a chéille acu agus dífhostaíonn sé

iad, ach tagann na deora leis ar deireadh, beireann sé barróg orthu agus deir sé gurb iad a dheartháireacha iad. D'fhéadfaí a rá go raibh sé fíorchosúil leis an gcaidreamh idir athair agus mac; is é sin corraitheach ach geanúil.
(15)

(iv)

**(a) Trí phointe (7+7+6)**

Ar na príomhlochtanna a bhí air, d'fhéadfaí a rá go raibh sé cruálach, go mbíodh taghd feirge air, go raibh sé róthugtha don ól agus, le himeacht aimsire, go raibh luí aige leis an bparanóia agus le breith gan mhachnamh, agus go raibh féith an deachtóra ann chomh maith. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do scriosadh na Téibhe agus don chaoi ar chaith sé le Bessus, le Hermolaus, le Fiolótas agus le Pairméinión. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh freisin don eachtra le Cléiteas agus don chaoi ar chaith sé le Callastainéas, don chaoi ar iompair sé é féin tar éis bhás Hephaestion agus do loscadh an pháláis i bPeirsipilis.

**(b) Ceithre phointe (8+8+7+7)**

Beidh cuid de na tagairtí thuas le feiceáil anseo, ach ní mór don iarrthóir measúnú agus anailís a dhéanamh ar mheon Airrianas agus Phlútarc anseo. Is leor dhá shampla a roghnú as gach ceann den dá théacs chun a meon a léiriú. Cuireann Plútarc in iúl go soiléir gur fear as an ngnáth a bhí in Alastar agus leagann sé béim ar an ngné den diagacht a bhain lena bhreith, déanann sé beag is fiú dá chuid pótaireachta, á rá nár ól sé a lán agus gur bhreá leis fanacht ina shuí amach san oíche ag comhrá lena chairde. Leagann sé béim ar an doilíos a bhí ar Alastar as na héagóracha a rinne sé (san eachtra le Cléiteas, mar shampla). Mar fhocal scoir aige, fiafraíonn Airrianas cé acu duine againne a cháinfeadh fear mar é. Cuireann sé iúl gur cuma faoi na lochtanna a bhí air le hais a intleachta. Deir sé gur tábhachtaí an ardéirim aigne a bhí aige i gcúrsaí míleata ná na lochtanna beaga a bhí air. Maitheann sé marú Fhiolótas agus Phairméinión dó, ag rá go raibh gá leis, cuireann sé an milleán ar Challastainéas as a bheith ró-neamhbhalbh agus ró-mhórchúiseach agus, dála Phlútairc, cuireann sé an locht ar Chléiteas as an eachtra seo. Á mhaitheamh d'Alastar, deir sé gur éirigh chomh hiontach sin leis ag aois chomh hóg go mbíodh plámásaithe de shíor ina chuideachta. Maitheann Airrianas agus Plútarc araon dó gur ghabh sé le stíl na bPeirseach ar bhonn beartais. Is cinnte go gcaithfeadh iarrthóirí tagairt a dhéanamh don mheasúnú deireanach a dhéanann Airrianas ar charachtar Alastair agus don chaoi nach ceart do lucht an tsaoil dhuthain breithiúnas a thabhairt air. Ní mór tagairt a dhéanamh freisin do Phlútarc a bheith ag maitheamh a chuid ólacháin dó. Tá sé ceart go leor aontú nó easaontú leis an ráiteas, ach caithfear samplaí a thabhairt a léiríonn a gcuid trócaire (nó neamhthrócaire) i leith Alastair.
(30)

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i)

**(a) Trí phointe (9+8+8)**

Ba chóir d'iarrthóirí cuntas gearr a thabhairt ar na heachtraí ba chúis le trasnú abhainn an Rubicon sa bhliain 49 R.Ch. Orthu sin, tá gur éiligh an Seanad ar Caesar a airm a ligean uaidh a fhad agus a bhí cúrsaí á ndéanamh níos measa ag Poimpéas, a bhí fós i gceannas. Chuir an Consal Lentulus an ruaig ar Antaine agus ar Curio amach as an Seanad, iad náirithe, agus dhiúltaigh sé éisteacht le cuid achainíocha Caesar.

(25)

**(b) Trí phointe (9+8+8)**

Bhí líon trúpaí níos lú ag Caesar ar an gcéad dul síos, ach bhí sé níos dásachtaí agus níos cinntithí ná Poimpéas. Chruinnigh sé a lucht tacaíochta trí úsáid chliste a bhaint as a chuid airgid, ach rinne Poimpéas a lucht tacaíochta féin a mheas thar a gcumas. Rinne Poimpéas botún mór nuair a d'fhág sé an Róimh. Ag Pharsalus, bhí cuid beartaíochta Chaesair níos fearr; aigesean ba ea an buntáiste sa chath nuair a cloíodh an marcra ann. Briseadh go tubaisteach ar Phoimpéas sa chath, chaill sé a chlú mar fhear dochloíte agus tháinig lagmhisneach ar a chuid fórsaí. Nuair a maraíodh Poimpéas san Éigipt, níor léir aon cheannasaí a bheith ag naimhde Caesar agus bhí sé trócaireach i leith na bhfear a throid ina aghaidh.

(25)

(ii) **(17+ 17+16) Catullus: grá, cairdeas agus teaghlach.**

(a) Grá – Chruthaigh Catullus go bhfuil mothúcháin an-láidre ar fad aige; nuair a thugann sé grá, is le hiomlán a chroí é mar is léir ó na dánta Lesbia. Tá sé ite ag a chuid mothúchán; is é an t-iomlán atá uaidh nó ní bheidh dada aige. (b) Cairdeas – cruthaíonn sé gur maith an comrádaí é agus is léir in *Evening With Licinius* go bhfuil féith mhaith grinn aige. Is léir sna saothair *Consolation*, *The Same* agus *At A Brother's Grave* go bhfuil sé lách, truachroíoch agus dílis mar chara. Is léir in *To Cicero* gur fear é atá fial agus umhal i gcroí. (c) Teaghlach – léirítear sa dán a scríobh sé dá dheartháir marbh an dlúthchaidreamh a bhí aige leis.
(50)

(iii)

**(a) Trí phointe (12+12+11)**

An pháirt a ghlac Cató i saol polaitiúil na Róimhe: Ba chóir go luafaí sna freagraí gur thacaigh Cató go diongbháilte le stádas an tSeanaid agus go raibh an-amhras air faoi Chaesair ón gcéad lá, agus go gcuireadh Cató ina choinne nuair a dhéanadh Caesar iarracht cumhacht a bhailiú chuige féin. Bhí clú air i bhfad is i gcéin as a bheith cruinn cóir ina chuid gnóthaí, mar a dhéanfadh státaire maith, agus os cionn caimiléireachta. Ar phríomhimeachtaí a shaoil

pholaitiúil tá an pháirt a ghlac sé i dtriail na gcomhchealgairí Caitilíneacha, an tacaíocht a thug sé do Phoimpéas sa Chogadh Cathartha, an chaoi ar cloíodh é agus ar chuir sé lámh ina bhás féin san Afraic, agus freagra Chaesair air sin.

(35)

**(b) Cató inmholta? (8+7)**

Ba chóir dhá chúis a thabhairt anseo, ar a shon nó ina choinne. Má cheapann an t-iarrthóir gur duine inmholta é: cuirtear san áireamh a mhacántacht mar ghobharnóir, a dhílseacht agus gan luí a bheith aige riamh leis an gcaimiléireacht. Mura gceapann an t-iarrthóir gur duine inmholta é: d'fhéadfaí a mheon docht seanaimseartha a lua agus an pháirt a ghlac sé i dtús a chur leis an gCogadh Cathartha.

(15)

(iv)

**(a) (12+12+11)**

Beachtaíocht Scipio ar an monarcacht, ar an olagarcacht agus ar an daonlathas: Ar an gcéad dul síos, nuair a bhíonn rí ann, bíonn gach duine seachas an rí féin fágtha ar bheagán ceart agus gan dóthain cead cainte sa phróiseas cinnteoireachta. Chuir Rí Cíoras na Peirse an pobal faoi smacht aon fhir amháin, fiú, agus ba rí mór iomráiteach é féin. Nuair a bhíonn dea-rí ann bíonn cúrsaí ceart go leor, ach tá an baol ann go n-imreoidh an chumhacht róthionchar ar dhrochrí, dála Phalaris, agus go dtiontóidh sí sin ina thíoránach é. Maidir leis an olagarcacht, baineann sé úsáid as Marseilles mar shampla, atá faoi rialú ag scothaicme beag daoine a shéanann go leor ceart agus cead cainte ar an bpobal maidir le rialú na cathrach. Tráchtann sé freisin ar an 30 duine d'olagarcacht na hAithne a bhí ina dtíoránaigh ar an Aithin. Déanann sé beag is fiú den daonlathas mar chóras toisc nach gceadaíonn sé don fhear is fearr dul chun cinn ar na fir is lú, gur féidir go mbeadh dlí an tslua ann dá dheasca, agus gur geall le "neamhfhreagracht na ngealt" é lánchumhacht a bheith ag an bpobal.

(35)

**(b) (8+7)**

Is fearr le Scipio meascán de gach dá bhfuil thuas, ach dá dtiocfadh an crú ar an tairne, ba í an mhonarcacht ba rogha leis. Is mar a bheadh athair ann, a deir sé faoin gcás is fearr den ríogacht, agus an rí ag tabhairt aire dá phobal. Áitíonn sé gurb é Iúpatar, rí, a rialaíonn na déithe agus gurb amhlaidh is fearr é do dhaoine daonna freisin.

(15)

**Topaic 4.  Na Staraithe Rómhánacha.**

(i)

**(a) Dhá phointe (8+7)**

Cén fáth ar cheap Ágastas go raibh tábhacht ag baint le cluichí agus siamsaíochtaí poiblí a chur ar fáil?  Ba rud cinnte é go bhfaigheadh sé gnaoi na ndaoine as na cluichí a chur ar fáil agus tharraing siad gradam mór air freisin. Cheap sé freisin go n-imreofaí dea-thionchar ar na daoine agus ar uaisleacht na n-ógánach a ghlac páirt sna himeachtaí spóirt dá mbeadh eiseamláir feabhais le feiceáil acu. Bhain sé féin an-taitneamh as na cluichí freisin, go háirithe an iomrascáil.

(15)

**(b) (12+12+11)**

Níor chuir aon duine eile an oiread céanna cluichí agus siamsaíochtaí ar fáil agus a chuir Ágastas. Thaifead sé gur chuir sé 24 tacar cluichí ar fáil do mhuintir na Róimhe ar a shon féin, mar aon le 23 tacar eile thar ceann giúistísí nach raibh d'acmhainn acu déanamh amhlaidh. Chuir sé réimse leathan siamsaíochtaí ar siúl sna sráideanna agus in ionaid éagsúla ar fud na cathrach agus i dteangacha éagsúla, dála drámaí, ach bhí troideanna ainmhithe agus babhtaí iomrascála ann freisin agus muirchath fiú amháin. Chuir sé rásaí carbaid agus coise ar siúl a raibh sáriomaitheoirí páirteach iontu ach ba é an rud ab fhearr leis féin na cluichí Traíocha a cuireadh ar siúl inar ghlac buachaillí d'aoiseanna éagsúla páirt.  Chuir sé ainmhithe coimhthíocha, nathracha nimhe móra, srónbheannach agus tíogar san áireamh, ar taispeáint freisin le haghaidh shiamsa an phobail. Rinne sé socruithe suíochán na gcluichí, a bhí trína chéile, a chur in ord agus in eagar agus mhéadaigh sé an líon saighdiúirí a bhí sa chathair le linn na gcluichí chun cosc a chur ar an mbradaíl agus ar an mbuirgléireacht.

(35)

(ii) **(17+17+16)**

Gliondar ar mhuintir na Róimhe faoi bhás Thibir – an raibh údar leo? Ní mór d'iarrthóirí ceann acu seo a dhéanamh: na cúiseanna nach raibh gnaoi na ndaoine ag Tibir a mhíniú, nó an chaoi ar rialaigh sé a chosaint. Is dóchúla i bhfad go roghnófar an chéad cheann. Bhí sé gruama mítharraingteach agus níor airigh daoine gaol leis. Bhí olc ann a d'fhág nár lorg sé gnaoi an phobail trí chluichí agus siamsaíochtaí a chur ar fáil. Ba iad an eachtra le Gearmánacas, tuile agus trá Shéánas agus na Trialacha Tréasa na heachtraí ba mhó ba chúis le míghnaoi na ndaoine air. Bheadh ar iarrthóirí cur síos a dhéanamh orthu sin.

(50)

(iii)

**(a) Dhá phointe (8+7)**

Is minic a chuirtear síos ar na cúinsí ina ndearnadh Impire na Róimhe de Chláidias mar rud greannmhar áiféiseach. Tar éis d'Ágastas é a choinneáil siar ón gcúirt impiriúil, chrom Cláidias ar a chuid staidéir agus níor glacadh go dáiríre leis mar gheall ar an míchumas coirp a bhí air agus an tuairim go raibh sé "lagintinneach". Deirtear go raibh sé i bhfolach taobh thiar de chuirtín agus go bhfaca saighdiúir singil é, a tharraing amach agus chuir os comhair na saighdiúirí eile é. Ní raibh a fhios acu céard ba chóir dóibh a dhéanamh, mar sin d'iompair siad in eileatram é chomh fada lena gcampa agus é ar crith. Faoin am sin, bhí an Fóram agus an Caipeatól faoi stiúir na gconsal agus an tSeanaid. Ach chruinnigh na daoine thart ar Theach an tSeanaid ag iarraidh Cláidias a fhad agus a bhí an Seanad in easaontas faoin rud ba chóir tarlú. Bhailigh sé na saighdiúirí ina thimpeall agus thairg sé 1500 sesterce an duine dóibh as a gcuid tacaíochta, rud ar ghlac siad leis. Ba é an chéad duine de na himpirí é a cheannaigh tacaíocht an airm.

(15)

**(b) Trí phointe (12+12+11)**

An raibh a riail ar leas na Róimhe agus na hImpireachta? Ní mór d'iarrthóirí tagairtí maithe a dhéanamh mar thacaíocht le ceachtar argóint. D'fhéadfaidís a choncas ar an mBreatain a lua, mar shampla, nó na hoibreacha poiblí a rinne sé, an dá uiscerian a tógadh don Róimh agus calafort nua ag Ostia san áireamh. Dhraenáil sé Loch Fucine. D'eagraigh sé árachas in aghaidh caillteanais le haghaidh iompórtálaithe gráin agus léirigh sé spéis i ngnóthaí na bproibhinsí (go háirithe sa chíréib idir na Gréagaigh agus na Giúdaigh) agus thug sé saoránacht do chuid den Ghall. Bhí sé cruálach, faiteach agus amhrasach agus d'imir mná céile agus daoine saortha tionchar rómhór air. Chuir sé 35 seanadóir agus 300 ridire chun báis.

(35)

(iv)

**(a) Trí phointe (10+10+10)**

Ba thubaiste í Tine Mhór na Róimhe sa bhliain AD 64 a tharla de thimpiste, dar le daoine áirithe, agus d'aon ghnó dar le daoine eile. Chuaigh an cúinne thoir ó thuaidh den Circus Maximus trí thine ar dtús agus leath sí go tapa i siopaí ina raibh earraí inadhainte ar díol. Leath an ghaoth í agus ba ghearr go raibh an Circus ar fad ar lasadh. Ní raibh aon fhoirgnimh mhóra in aice na tine a choinneodh siar í, mar sin leath sí thar an talamh réidh agus scrios gach a raibh sa bhealach aici. Leath sí ar luas lasrach trí na camshráideanna agus na tithe fánacha, rósciobtha ar fad le cur ina coinne. Bhí critheagla ar na daoine. Bhí mná ag ligean scréach agus páistí ag rith; bhí seandaoine gafa sa chíor thuathail. Cheap daoine gur bhain siad ceantar sábháilte amach, ach theann an tine orthu. Ní raibh a fhios ag aon duine cá raibh bealach a n-éalaithe agus rinne siad uile iarracht dul amach bóithre na tuaithe. Roghnaigh

cuid acu an bás thar an teitheadh toisc gur chaill siad gach a raibh acu. Rinne roinnt dronga iarracht an tine a leathadh nó cosc a chur ar dhaoine eile í a mhúchadh sa tsúil, b'fhéidir, go mbeadh seans acu dul i mbun bradaíola. Dúirt cuid acu gur ordaíodh dóibh déanamh amhlaidh. Múchadh an tine faoi dheireadh ar an 6ú lá ag bun Chnoc Esquiline; leagadh líon mór millteach tithe chun tóitbhearna a chruthú. Tháinig beocht sa tine arís agus, cé nach raibh sí chomh fíochmhar an uair sin, scriosadh cuid mhór teampall agus stuaraí siamsa. Bhí scannal mór ann de bharr gur thosaigh an dara tine sin ar eastát Tigellinus. Bhí ráfla ag gabháil thart gur theastaigh ó Néaró go bhfolmhófaí an talamh le go mbunódh sé cathair nua ann darbh ainm Neronia. Leagadh go talamh trí cheantar ina n-iomláine. Ba bheag nár scriosadh seacht gceantar ina n-iomláine. Ceithre cinn a tháinig slán. Scriosadh an-chuid teampall agus scrínte agus cailleadh go leor rudaí áille nárbh fhéidir a leathcheann a fháil. (30)

**(b) Dhá phointe (10+10)**

Dúirt roinnt daoine gur tosaíodh an tine d'aon ghnó agus gurbh é Néaró féin faoi deara í. Bhí sé in Antium nuair a bhí an tine ag réabadh agus níor fhill sé nó gur thosaigh sí ag bagairt ar an bhfoirgneamh a thóg sé mar nasc idir an Palaitíneach agus Gairdíní Maecenas. Ach bhí sé rómhall, mar bhí an Palaitíneach agus na gairdíní loiscthe. Mar sin féin, chuir sé Campus Martius agus foirgnimh phoiblí Aigripe ar oscailt do na dídeanaithe agus d'ordaigh sé go dtógfaí cóiríocht shealadach dóibh. Tugadh bia isteach ó Ostia agus ó áiteanna eile agus laghdaíodh praghas an arbhair. Ach níor chuir sin mórán leis an ngnaoi a bhí ag na daoine air, mar bhí scéal ag gabháil thart go raibh sé ar stáitse príobháideach le linn na tine ag aithris dáin faoi thitim na Traí. Ba mhaith, áfach, cuid de na rialacháin pleanála a thug sé isteach le haghaidh an chláir atógála ina dhiaidh sin.

(20)

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

**(i) (30 greannmhar + 20 dáiríre. Dhá phointe an ceann)**

Tá *Froganna* greannmhar ar roinnt bealaí soiléire agus tá sé éasca cur síos a dhéanamh orthu agus samplaí díobh a thabhairt. Ach maidir le dáiríreacht an scéil, bheadh ar iarrthóirí tagairt a dhéanamh do Chogadh na Peilipinéise a bhí ag druidim le huair na cinniúna agus do Coup na nOlagarcach, nár éirigh leis. Príomhghnéithe den dráma iad an dá eachtra sin. Déileáiltear leis an dá cheist cé acu síocháin a dhéanamh nó gan í a dhéanamh, agus cé acu cearta saoránach a thabhairt ar ais dóibh siúd a ghlac páirt sa coup nó gan iad a thabhairt ar ais. Glacann Arastafainéas páirt sa díospóireacht faoi cé acu glacadh nó gan glacadh le tairiscint síochána na Spartach. Déanann an cór achainí láidir ar son cearta a thabhairt ar ais dóibh siúd a ghlac páirt sa *coup* mar gheall ar gach a ndearna siad san am a chuaigh thart agus de bharr go bhfuil gá lena gcuid tallann anois. Lorgaíodh tuairim an bheirt fhile ar cheist eile a bhaineann le hábhar, is é sin athghairm Alcaibiaidéis, agus rinne Aescaileas argóint láidir ar a

shon. Is trí ghreann a chuirtear síos ar a dheacracht a bhí gnáthchúrsaí an tsaoil le linn an Chogaidh, ar an gcaimiléireacht i measc oifigeach agus ar an léargas ar shaol pearsanta na bpolaiteoirí. Is iomaí sampla den úsáid a bhaineann Arastafainéas as greann chun teachtaireacht a chur in iúl, go háirithe i nGníomh 2. Ar na samplaí sin bheadh greann ropánta físiúil, claontagairt do chúrsaí collaíochta agus imeartas cliste focal. Téann Arastafainéas i mbun aoire agus fonóide freisin chun spochadh as daoine. Ná bítear ag súil go rachaidh iarrthóirí i ngleic go cothrom leis an dá thaobh den cheist; glactar le béim a bheith ar an ngreann nó ar an dáiríreacht a fhad agus a chuireann siad an dá thaobh faoi chaibidil.
(50)

**(ii) (17+17+16)**

Ról an chóir sa dráma *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas. Iníonacha le Oceanus is ea iad agus tagann siad i láthair i gcarbad sciathánach le féachaint céard atá ag tarlú agus le comhbhrón a dhéanamh le Proiméitéas agus é i gcruachás. Tá siad lách leis in ainneoin a bhoirbe agus treisíonn siad é mar charachtar, óir cuireann siad ceisteanna air agus meallann siad a scéal féin agus scéal Io uaidh ar ball. Is iad guth na céille iad sa dráma, á chur in iúl do Phroiméitéas nár cheart aige cabhrú leis na daoine daonna agus a bheith easumhal do Shéas, agus á thathant air gan labhairt amach chomh dána sin in aghaidh rí na ndéithe. Breathnaíonn siad ar a bhfuil ag tarlú ach tráchtann siad air freisin. Cruthaíonn siad sos idir eipeasóidí an dráma lena n-óideanna córúla ar théamaí den sórt seo: comhbhrón an domhain le Proiméitéas, inmholtacht an phósta idir daoine atá ar aon aicme lena chéile, agus an t-uafás a bhaineann le díoltas na ndéithe. Tá siad an-dílis do Phroiméitéas d'ainneoin gur thug Hermes a mhalairt de chomhairle dóibh. Is dócha go léiríonn siad meonta an lucht féachana agus go n-imríonn siad tionchar orthu freisin. Tá ról tábhachtach acu i gcruthú atmaisféar an dráma agus is rannpháirtithe iad ach tráchtairí freisin ar a bhfuil ag tarlú ann.
(50)

**(iii) (17+17+16) 40 ar a mhéad mura bpléitear ach le Méidé.**

Tá ról na mban sa tsochaí lárnach sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. Ar an gcéad dul síos, is bean í an príomhcharachtar agus mná na Téibhe atá sa chór. Is banaltra í an té a insíonn an réamhscéal agus tá cuid fear an dráma réasúnta lag agus dúr. Deir an bhanaltra ar dtús go raibh Méidé i gcónaí umhal ina pósadh agus gurb shin é an rud a thugann pósadh slán. Léiríonn sé sin dúinn go raibh ról na mban íochtarach. Nuair a thagann Méidé amach, tosaíonn sí láithreach ag plé le ról na mban sa tsochaí Ghréagach agus ag caint ar fhear céile a "cheannach" agus ar an gcaoi nach féidir dada a dhéanamh faoi mura mbíonn aon mhaith ann. Deir sí gurbh fhearr léi trí huaire a bheith ar thús cadhnaíochta sa chath ná leanbh amháin a thabhairt ar an saol agus déanann sí beag is fiú d'argóintí na bhfear gurb iadsan na cosantóirí agus gur fearrde mná a bheith slán sa bhaile. Is dócha gur bhain sin geit ollmhór as daoine ag an am. Bíonn lucht an chóir, fiú, ar cairde léi iad, ag tathant uirthi imeacht Iasóin a chur thairsti mar is "gnách" an rud é. Is é an chaoi a mbreathnaíonn Iasón ar mhná nach

bhfuil siad ann ach ar mhaithe le hoidhrí a thabhairt ar an saol agus stádas fir a ardú sa tsochaí. Cuireann sé in iúl go bhfuil sé chun Glauce a phósadh chun é féin a chur chun cinn sa tsochaí, gurb shin é an rud atá tábhachtach, dar leis, agus gur gar é don teaghlach uile. Is mairg, dar leis, nach féidir páistí a fháil ar bhealach éigin eile, gur mór an trioblóid iad mná agus go mbíonn siad ite ag an éad maidir le cúrsaí collaíochta. Is spéisiúil go ndeir Méidé go dtuigfeadh sí cén fáth a n-imeodh Iasón dá mba rud é nár rugadh mic di, mar sin is léir gurb shin é an rud a mbíodh coinne ag an bpobal leis ag an am agus gur mhór an brú a bhíodh ar mhná déanamh dá réir. San óid chórúil ar chúrsaí a bheith á n-iompú droim ar ais, léirítear an fuath ban atá le sonrú go láidir sa tsochaí Ghréagach – is léir gur creideadh, de réir traidisiúin, go raibh mná mímhacánta agus nach raibh siad le trust. Nuair a dhéanann Créón agus Aegeus talamh slán de go bhfuil Méidé anbhann, is dócha go dtugann sé sin léiriú ar ról na mban sa tsochaí Ghréagach ag an am. Tá sé tábhachtach go bpléifidh an t-iarrthóir le ról na mban sa cheist seo seachas leis an gcarachtar Méidé.

(50)

(iv)

**(a)  (5+5)**

Tá cúinsí ann a thugann ar Chréón filleadh ó Oracal Apalló i nDeilfe, mar ar chuir Éideapús é. Tá an chathair buailte ag plá uafásach agus caithfidh siad fáil amach ón dia céard atá le déanamh chun deireadh a chur léi. Is é an scéala atá ag Créón nach mór díoltas a imirt as dúnmharú Laius, an rí a bhí ann roimhe seo, chun deireadh a chur leis an bplá. Cuireann Créón comhairle ar Éideapús fios a chur ar an bhfáidh dall, Tiresias, chun an t-oracal a shoiléiriú agus na chéad chéimeanna eile a chur in iúl dóibh.

(10)

**(b)  Cuntas comhleanúnach ar an teagmháil ina luaitear ar bhealach éigin an tairngreacht a rinne an fáidh don rí. 17 ar a mhéad mura luaitear an tairngreacht. (9+8+8)**

Ar an gcéad dul síos, is go drogallach ar fad a thagann Tiresias i láthair agus níl fonn dá laghad air plé le hÉideapús. "Nach uafásach an rud é an fhírinne a fheiceáil, nuair nach ngoilleann sí ach ar an té a fheiceann í", a deir sé. Spréachann caint an tseanfhir Éideapús agus bagraíonn sé air. Ní léir dó cén fáth nach mbeadh sé ag iarraidh cabhrú lena chathair. Agus é faoi bhagairt, deir Tiresias gurb é Éideapús féin an dúnmharfóir a bhfuil sé sa tóir air. Fiafraíonn sé de an bhfuil aithne aige ar a thuismitheoirí. Tá Éideapús le ceangal agus cuireann sé ina leith gur fáidh falsa é, go bhfuil "súil amuigh aige dá bhrabús féin" agus go bhfuil sé dall ar an bhfírinne. Déanann sé scéal dá bharúil go bhfuil Cléón agus Tiresias araon ag déanamh iarracht é a sháinniú as dúnmharú Laius. Déanann sé iontas cá raibh Tiresias nuair a bhí Sfioncs na dtomhas ag sceimhliú na cathrach agus cuireann sé in iúl gurbh é féin a réitigh an fhadhb. Déanann Tiresias tairngreacht d'Éideapús, nach dtugann aird air faoin am seo.

(25)

**(c) Dhá phointe (8+7)**

Taispeántar sa teagmháil seo gur fear é Éideapús a bhfuil taghd lasánta ann a bheireann an bua go tapa air. Gan mhachnamh, déanann sé talamh slán de go bhfuil Tiresias ag insint bréag agus i gcomhcheilg le Cléón chun é a chur as cumhacht. Léiríonn sé sin a dhíchéillí a bhíonn sé uaireanta. Caitheann sé go foréigneach leis an seanfháidh agus, cé go bhfuil sé soiléir cén fáth a gceapann sé go bhfuil comhcheilg ann, tá sé i bhfad róthapa ag déanamh scéil dá bharúil agus ag dul i muinín a léimh féin ar chúrsaí. Is léir a chruálacht sa chaoi a ndéanann sé fonóid faoin bhfáidh agus a shotal sa chaoi a ndéanann sé gaisce as bua a fháil ar an Sfioncs.

(15)

**Topaic 6. An Epic Ársa.**

(i) **Ceithre phointe (13+13+12+12)**

Murab ionann agus Péinealaipé san *Odaisé*, tá Medb lárnach sa Táin tríd síos. Níl sí ar dhóigh ar bith éighníomhach. Tá sí ar cheann de na carachtair is mó a chuireann snáth an scéil chun cinn, ag dul i gceannas ar an arm chun Donn Cúailnge a fháil. Is ceannasaí míleata í a bhfuil pearsantacht an-cheannasach aici agus téann sí i mbun catha. Fanann Péinealaipé sa bhaile agus bíonn sí faoi thoil na Suiríoch, cé go ndéanann sí iarracht iad a choinneáil uaithi le tréan a hintleachta. Is é a mac a bhíonn ag tabhairt orduithe di agus ní imríonn sí tionchar gníomhach ar imeachtaí an dáin ach amháin nuair a dhéanann sí cinneadh an comórtas leis an mbogha a chur ar siúl. Tá sí níos caolchúisí mar charachtar ná Medb agus níos traidisiúnta mar bhean, ach ar comhchéim lena fear céile ó thaobh éirim aigne de, mar a léirítear in eipeasóid a n-athchaidrimh. Tá Medb níos áiféisí agus níos fiáine, agus is féidir go léirítear d'aon ghnó í mar bhean a bhí róchumhachtach agus rófhearúil lena leas féin. (50)

(ii) **Ceithre phointe, dhá cheann ar a laghad faoi thréithe an laoich a bhfuil urraim ag an iarrthóir dóibh nó nach bhfuil. (13+13+12+12)**

D'fhéadfadh na hiarrthóirí aontú nó easaontú leis an ráiteas a fhad agus a dhéanann siad dóthain tagairtí don téacs mar thacaíocht lena dtuairim. Ar na tréithe a d'fhéadfadh urraim a bheith ag an iarrthóir dóibh tá a chrógacht i mbun catha (sa Traí agus in aghaidh na Rutuli); a dhílseacht dá chuid fear agus a cheannasaíocht orthu (nuair a shroicheann siad an Libia in Leabhar 1); a dhílseacht mar mhac (nuair a thugann sé cuairt ar an Domhan Thíos) agus mar athair (nuair a ghlaonn sé ar Ascanius agus é sa Chartaig); a scriosta atá sé nuair a imíonn Creusa uaidh agus nuair a chasann sé le Díodó sa Domhan Thíos; a rúndaingne agus é ag snámh in aghaidh an tsrutha. Níl sé chomh hinmholta sin i Leabhar I, nuair atá sé féin agus a chriú batráilte ag an stoirm agus nuair a deir sé gur dona leis nach bhfuair sé bás sa Traí, ná i Leabhar V, sa chaoi a nglacann sé le tine na long. Freagra pearsanta é cé acu an bhfuil sé éasca gean a thabhairt dó nó nach bhfuil. Is furasta é a cháineadh as a easpa mothúcháin agus croíúlachta agus é ag plé le Díodó, as gan greann ná meidhir a bheith ann – is duine tur é.

Chomh maith leis sin, is cruálach an chaoi a maraíonn sé Turnus ag an deireadh. Tá sé faoi bhois an chait ag na déithe agus beagnach rómhaith, agus mar gheall air sin baineann Turnus an barr de sa dara leath den eipic.

(50)

(iii) **Ceithre phointe (13+13+12+12)**

Arís eile, freagra pearsanta ar gach eipic a bheidh sa fhreagra seo. Déanfar tagairt go príomha don bhás a fuair fir Odaiséis faoi lámh na Laestrygonians, Scylla agus an Chioclóip agus don Chath sa Halla. San *Aeinéid,* na básanna sa Traí, bás Nisus agus Euryalus; bás Camilla agus Phallas agus bás Dhíodó agus Turnus. In Hóiméar, cuirtear síos ar an mbás ach ní go mion; tá an bhéim ar an bhforéigean fisiciúil seachas ar an gcailleadh agus ar an truamhéala a bhaineann leis an mbás. Níl mórán truamhéala i gceist leis an ár coiteann a dhéantar sa Chath sa Halla, toisc nach bhfuil aon bhá againn leis na suirígh a thuilleann go maith a bhfuil i ndán dóibh. Tá an cur síos a dhéanann Veirgil ar an mbás i gcogadh i bhfad níos débhríoch, mar díríonn sé ar an truamhéala agus ar an mbrón a bhaineann leis an mbás óg. Is iad na samplaí is fearr de seo an tsamhail ar bhás Euryalus, an cur síos ar thrombhuairt a mháthar agus an cuntas ar shochraid Phallas ina leagtar béim ar a ainnise atá an bás óg (agus bás Camilla atá sárálainn, leis). Tá an léitheoir i bhfad níos gafa le pearsantacht an té a mharaítear agus tá an scéal níos corraithí mar gheall air sin. Faoin am a fhaigheann Turnus bás, tá urraim againn dó agus bá againn leis, agus is léir an brón agus an truamhéala a bhaineann lena bhás dá bharr. Maidir le marú na gcailíní tí sa phálás, d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh dó sin, á rá go bhfuil easpa boige ann (cuirtear ar crochadh iad mar a bheadh éisc ar dorú) nó go léiríonn an eachtra go bhfacthas do Hóiméar go bhféadfadh daoine atá lag leochaileach fulaingt i gcogadh freisin.

(50)

(iv)

**Trí phointe (17+17+16) 45 ar a mhéad mura bpléann an t-iarrthóir ach le turas Odaiséis.**

Is féidir cur síos ar Odaiséas mar cheannaire mór fear, ach d'fhéadfadh iarrthóirí a mhalairt a argóint freisin. Ar a shon, sábhálann sé a chuid fear ón Lucht Ite Loiteog agus ó Chircé. Cosnaíonn sé iad ar na Síréanaí agus déanann sé iarracht iad a stopadh ó bheith ag cur feirge ar Dhia na Gréine ar an oileán ar a raibh a chuid eallaí. Ar an taobh eile den scéal, dhiúltaigh a chuid fearr aird a thabhairt ar orduithe Odaiséis Ismarus a fhágáil; tá clampar eatarthu ar oileán Chircé nuair is léir nach bhfuil muinín acu as a chiall tar éis a chontráilte a bhí sé iad a thabhairt chomh fada le huaimh Pholaiféamas. Ba é a dhearmadsan amháin é sin agus fuair cuid dá chuid fear bás mar gheall air. Léirítear a mímhuinín as freisin san eachtra le mála na ngaoth, nuair nár inis sé dóibh céard a bhí sa mhála. Faoi dheireadh, sroicheann sé Ithaca agus gan oiread agus duine amháin dá chriú ina chuideachta. D'fhéadfaí a rá gur teip atá ansin. D'fhéadfaí a argóint freisin, áfach, nárbh í a cheannasaíocht ba chúis leis sin ach amaideacht a chuid fear a d'ith eallaí Dhia na Gréine. Cloisimid scéalta faoi cheannasaíocht

Odaiséis ag an Traí ó Neastór agus ó Mheinealás. Ar deireadh, gabhann sé i gceannas na bhfear sa troid leis na Suirígh, éiríonn leis agus athchruinníonn sé iad i gcoinne an ionsaithe a dhéanann gaolta na Suiríoch orthu ina dhiaidh sin.

(50)

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i)

**(a) Trí phointe (12+12+11) 30 ar a mhéad mura dtagraítear don ghruaime.**

Sa sliocht seo as an *Aeinéid* le Veirgil, is é an friotal agus na híomhánna cumhachtacha a úsáideann sé a chruthaíonn atmaisféar an uafáis agus na gruaime. Cuireann sé síos ar na fuaimeanna, ar an mbréantas agus ar na radhairc atá ann, "solas mallaithe na gealaí luainí" mar shampla agus an domhan "gan dath", a chuireann tús drochthuarach leis an scéal. Cuireann sé síos ar an ngalar, ar an mbochtaineacht agus ar an eagla mar ainmhithe uafásacha a sheasann le taobh dhoras an Domhain Thíos agus ar na Fúire a bhfuil ribíní ar dhath na fola ina bhfolt nathracha acu. Tá meascán den ghruaim agus den dainséar sa chur síos a dhéanann sé. Cuireann na harrachtaí uafásacha, Scylla, an Hiodra agus Briareus, an Ciméara agus Gorgoin, le hatmaisféar na heagla agus nochtann Aeinéas féin a chlaíomh chun troda. Tá cur síos grinn ar an riasc bréan, "láib nimhe... ag brúchtadh aníos", mar a bhfuil sean-Charon an tsalachair ag fanacht ina bhád meirgeach. Ag cur leis an ngruaime tá an tsamhail cháiliúil a chuireann na hanamacha i gcomparáid le duilleoga an fhómhair nó le héin imirce. Is atmaisféarach fíorbheoga é an cur síos a dhéanann sé.
(35)

**(b) Dhá chúis (8+7)**

Tabharfaidh formhór na n-iarrthóirí freagra dearfach. Dúisíonn an tsamhail leathnaithe an-bhrón agus tréine mothaithe. Is truamhéalach an rud é gur anamacha gan adhlacadh iad seo a dteastaíonn uathu dul trasna na habhann, daoine óga ina measc a d'fhág tuismitheoirí ina ndiaidh á gcaoineadh.

(15)

(ii) **(17+17+16) 2 shampla de gach saothar.**

Is léir féith grinn Horáit i ngach ceann de na hAortha. Bheadh ar iarrthóirí tagairt a dhéanamh do gach ceann de na hAortha, ach ní gá dóibh plé go cothrom leo uile. In *An Turas go Bruindísiam*, is léir féith grinn Horáit sa chur síos a dhéanann sé ar na huaireanta a cuireadh de dhroim seoil é agus é ag iarraidh codladh a dhéanamh ar an mbáirse, agus ar an óstach in Beneventum a chuir an chistin trí thine, ach thar rud ar bith eile is léir í sa chaoi a bhfuil sé in ann magadh faoi féin. Ba shamplaí de sin iad a cháiréis ar bhia agus an ghalareagla a atá air. In *An Leadránaí*, déanann sé cur síos an-ghreannmhar ar an leadránaí féin a bhíonn i gcónaí rómhuiníneach as féin agus nach dtuigeann noirm shóisialta, ach is greannmhaire fós an chaoi

a bhfreagraíonn sé don leadránaí, á chur féin i gcomparáid le hasal a bhfuil stuaic agus domheanmna air agus a chluasa thíos toisc nach bhfuil sé de mhisneach aige dul le báiní. Níl an greann in *Luch an Bhaile Mhóir agus an Luch Tuaithe* chomh soiléir céanna. Tá sé le fáil go príomha sa chodarsnacht idir an teach gan mhóiréis faoin tuath agus uaisleacht theach cónaithe agus chuid bia luch an bhaile mhóir. Tá greann searbh le fáil ag an deireadh nuair a deirtear nach bhfuil saol sóch saor in aisce.

(50)

(iii) **(13+13+12+12) (3+1 comparáid/codarsnacht)**

Déan comparáid agus codarsnacht idir dearcadh Óivid agus dearcadh Phroipeirtias i leith an ghrá. Seo a leanas na príomhdhánta: Le hÓivid: *Baucis and Philemon*; *Myself*; *Advice to Women*; *The Art of Love*; *Unfair* agus le Proipeirtias: *Two Requests*; *Susceptibility*; *Love and Peace*; *Gone*; *Gone to Clitumnus*; *Cynthia is Dead*; *The God of Love* agus *Cynthia*. Ní gá d'iarrthóirí gach ceann acu seo a lua, ach is gá dhá thagairt ar leith a bheith ann do gach ceann den bheirt fhilí. Tá an bheirt fhilí gafa go hiomlán leis an ngrá; déanann siad an-chuid machnaimh air agus caitheann siad go leor dua ag déanamh anailís ghrinn ar chaidrimh. Tá doiléire sa chion atá acu ar a ngaolta; bíonn siad á gcáineadh ach tá grá as cuimse acu dóibh chomh maith. Ní mar a chéile ton na beirte, áfach. Is rud dáiríre é an grá, dar le Proipeirtias, an t-aon rud amháin atá dáiríre, b'fhéidir. Ceist báis nó beatha atá ann, dar leis, agus tá sé fíordhíograiseach ina leith. Tá sé éadmhar go smior i leith Shointia agus tá gné den fhoréigean, den mhíchinniúint agus den chailleadh sna dánta ar Shointia. Dar le hÓivid, tá an grá riachtanach ach tá sé níos cosúla le cluiche a bhfuil beartaíocht agus straitéis i gceist leis. Tá níos mó spraoi i gceist le hÓivid, ach is minic a bhíonn ton níos soiniciúla agus níos aeraí aige. Anuas air sin, is rímhaith an léiriú a thugtar ar an dílseacht shimplí bhuan in *Baucis and Philemon*.

(50)

(iv)

**(a) Cuntas comhleanúnach (10+10+10)**

Tá an scéal an-díreach. Ag a thús, tagann Lars Porsenna agus a chuid trúpaí i láthair chun tacaíocht a thabhairt do Tarquin seilbh a ghlacadh ar an Róimh. Sheas Horatius, Spurio Larcius agus Títeas Herminius ar bharr an droichid agus choinnigh siad na naimhde siar a fhad agus a d'éalaigh na saighdiúirí eile isteach sa chathair. Tar éis tamaill, d'áitigh sé ar an mbeirt chompánach leis imeacht agus choimeád sé seilbh ar an droichead ina aonar, mar a dhéanfadh laoch, nó gur thit an droichead. Bhí náire ar na naimhde ar dtús mar gheall gur sheas an fear aonair seo ina gcoinne. Rinne siad ionsaí air ina dhiaidh sin ach sheas sé an fód. Ag an deireadh, léim sé isteach sa Tibir agus ghuigh sé chun dia na habhann glacadh leis. Bhain sé bruach eile na habhann amach slán sábháilte.

(30)

**(b) Pointe forbartha amháin le haghaidh (10)**
Leagtar amach ina réamhrá, den chuid is mó, an cuspóir a bhí ag Livias agus an scéal seo á insint aige. Tá éachtaí móra na Rómhánach a chuaigh roimhe á n-úsáid aige mar eiseamláir uaisleachta agus neamhleithleachais do Rómhánaigh a linne féin. Má iompraíonn tú thú féin go huasal ar leas an uile dhuine, déanfaidh na déithe fabhar duit agus bainfidh tú neamhbhásmhaireacht de shaghas éigin amach. Is mór aige freisin an smaoineamh go mbíonn an lá linn nuair a oibrímid as láimh a chéile.
(10)

**(c) Dhá phointe (5+5)**
Tá stíl Livias an-dramatúil agus fíorchorraitheach. Aibhsíonn sé gur gníomh dána dodhéanta, de réir cosúlachta, a bhí i ngníomh gaisce Horatius. Ní hé an blas a fhaighimid air gur stair thur í atá lán le fíricí, ach gur cuntas bríomhar spreagúil ar imeachtaí é a bhí ceaptha an tírghrá agus an mórtas a mhúscailt i gcroí na Rómhánach ag an am.
(10)

**Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i)

**(a)** Is pyxis é seo. (5)

**(b)** Choinnítí seodra nó earraí maisíochta i vásaí dá leithéid. (10)

**(c)** Is as an gCoraint an vása seo. (10)

**(d) Trí ghné (9+8+8)**

Eiseamláir thipiciúil í seo de photaireacht Chorantach ón dara leath den $7^{ú}$ haois R.Ch. Fríosanna nó bandaí atá sa mhaisiúchán a chlúdaíonn an chuid is mó den dreach. Tá ornáidíocht dheimhneach ann a thabharfadh stíl agus teicstílí an Oirthir chun cuimhne. Fíor dhubh ar chúlra geal *terracotta* atá sa mhaisiúchán. Greanadh é agus cuireadh maisiúchán sa bhreis air i ndath dearg agus bán. Is gnéithe tipiciúla d'earraí Corantacha iad na móitífeanna ainmhí (sfioncsanna agus gríobha) agus na róisíní, na poncanna, agus na tonnta agus na fiarláin as a chéile.

(25)

(ii)

**(a)** Is é an Erechtheion (5) an foirgneamh a léirítear, atá suite ar an Acrapolas (5) san Aithin. (10)

**(b)** Trí ghnéithe den dearadh agus den mhaisiúchán a thaispeánann tuiscint shoiléir ar an struchtúr. **(10+10+10)**

Dearadh ar leith atá san fhoirgneamh seo toisc gur tógadh ar thrí leibhéal é agus go bhfuil dhá phóirse aige. Ar an taobh thoir den fhoirgneamh tá póirseáid ina bhfuil 6 cholún Iónacha, ar an taobh ó thuaidh tá póirse Iónach atá an-ard, agus ar an taobh ó dheas tá póirse ina bhfuil 6 chairiaitid in ionad colún. Ar an taobh thiar den fhoirgneamh, tá balla ard agus colúin fhostaithe os a chionn. Rinneadh dhá sheomra den seomra láir trína roinnt ar a fhad. Bhí fuinneoga ar an taobh thoir agus thiar. Is dócha gurb é an póirse ó thuaidh an áit a dtáinig trírinn Phoiséadóin i dtír, faoi mar a shíltí. Gné neamhghnách den fhríos is ea na fíoracha marmair ghil atá ceangailte le cúlra marmair dhuibh. Tá gnéithe an mhaisiúcháin suntasach as a leochailí atá siad, go háirithe na patrúin guilloche ar bhun na gcolún sa phóirse ó thuaidh agus an maisiúchán caolaithe ar mhullach na gcolún. Tá doras an-ornáideach ag an bpóirse ó thuaidh freisin.

(30)

**(c) Dhá cheann ar bith (5+5)**

Marmar as Sliabh Pentelicus atá san fhoirgneamh, ach is as Eileoisis d'aolchloch dhubh an chúlra. Órú agus coirníní gloine daite a bhí mar chuid den fheistiú freisin.
(10)

(iii)

**(a) Pointe amháin (10) Bandia (4)**

Sa dealbhóireacht seo feicimid Afraidíté, ar den fharraige í, ag teacht amach as an uisce le cabhair bheirt nimfeach nó bhanóg. (10)

**(b) Pointe amháin (5)**

Baineann an rilíf seo le tréimhse na luathré clasaicí idir 480 agus 450 R.Ch.(5)

**(c) Dhá phointe ar an gcomhdhéanamh agus ar an tuiscint don pheirspictíocht (10+10)**

Tá comhdhéanamh na dealbhóireachta seo an-taitneamhach, í cothrom ach gan a bheith go hiomlán siméadrach. Tá trasnáin ghéara ann, ach is boige iad mar gheall ar chruth cuartha na héadaitheoireachta. Tá staidiúir nádúrtha ag na cailíní ar dhá thaobh léi, cé nach ionann iad go díreach, tá siad le feiceáil go soiléir agus frámaíonn siad an fhíor láir. Tá tuiscint an-mhaith ar dhoimhne sa dealbhóireacht rilífe, áit a bhfuil na géaga ag luí thar a chéile agus ag tarraingt na súile ar ais i dtreo an radhairc. Éadaitheoireacht thanaí agus thiubh.

(20)

**(d) Dhá phointe (8+7)**

Is álainn agus is éagsúil an éadaitheoireacht sa radharc seo. Tá an fhíor Afraidíté ag caitheamh ball éadaigh atá fliuch agus nach féidir a fheiceáil ach ar éigean, tá an cailín ar chlé

ag caitheamh *peplos* atá beagáinín níos troime agus a bhfuil fillteacha móra ann, agus tá an cailín ar dheis ag caitheamh ball mínéadaigh atá an-scagach. Chun tosaigh, tá greim acu ar éadach tiubh a luíonn go nádúrtha ina fhillteacha móra.
(15)

(iv)

**(a) Pointe amháin (5)**

Laocoon (agus a bheirt mhac) atá sa dealbh seo. (5)

**(b) Pointe amháin (10)**

Léirítear anseo eachtra as an *Aeinéid* nuair a dhéanann péisteanna farraige ionsaí ar Laocoon (sagart de chuid Neiptiúin) agus ar a bheirt mhac. (10)

**(c) Pointe amháin (5)**

Baineann an dealbh leis an tréimhse Heilléanaíoch idir 330 agus 100 R.Ch.(5)

**(d) Trí ghné (10+10+10)**

Eiseamláir thipiciúil í seo de scoil dealbhóireachta Pergamon, a bhí an-bhríomhar agus ar cheann de phríomhthreochtaí na tréimhse Heilléanaíche. Tá ard-drámaíocht i gceist leis an stíl seo, rud atá soiléir sa ghrúpa seo. Baineann léiriú na heachtra geit asat mar tá ionsaí fíorbhrúidiúil á dhéanamh ar an seanfhear agus a bheirt mhac. Tá siad ag lúbarnaíl agus ag tabhairt na gcor agus tá strainc orthu le pian. Is díol suntais go háirithe í an chuma chéasta atá ar Laocoon agus óige agus anbhainne na mac. Tá na féitheacha, fiú amháin, ag seasamh amach, rud a léiríonn an strus fisiciúil a ghabhann leis.

(30)

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i)

**(a) (15+15)**

An Captaen Mara agus an tAinmhí Mór Cumhachtach – cuntas díreach ar an dá mhiotas (*An Phoblacht* le Platón, lth. 221-230). Is é an Captaen Mara an t-aon duine amháin a bhfuil fios loingseoireachta aige, ach cuireann gach duine eile de dhroim seoil é agus ní ligeann siad dó a jab a dhéanamh i gceart. Meafar den phobal trí chéile atá san Ainmhí Mór Cumhachtach. Is féidir fios a bheith ag duine faoin rud a shásóidh an pobal agus a gheobhaidh a vótaí, ach ní hionann sin i gcónaí agus leas an phobail. Déantar iarracht laige an daonlathais a léiriú leis an dá shamhail.

(30)

**(b) Trí phointe (7+7+6)**

Cad é a insíonn siad seo dúinn faoin dhearcadh Phlatón ar an daonlathas? Taispeánann sé go mbreathnaíonn sé ar an daonlathas mar chineál rialtais a spreagann easaontas; gur córas é ina ndiúltaítear don lucht smaointeoireachta agus do na daoine is mó atá in inmhe a bheith i gceannas, córas ina leantar go minic iad siúd atá ar mhórchuid gealltanas ach gannchuid substainte. Dar leis, bíonn tuiscint mhaith ag polaiteoirí daonlathacha ar mhianta an phobail agus tugann siad gealltanas dóibh dá réir, ach ní bhíonn siad i gcónaí ina gceannairí maithe orthu.
(20)

(ii)

**(a) Dhá phointe (10+10)**

An freagra a thugann Cephalus ar cheist Shócraitéas cé acu an bhfuil deacracht ag baint leis an tseanaois nó nach bhfuil. Deir sé nach bhfuil an ceart ag daoine a deir go bhfuil an tseanaois lán le haiféala agus le heaspa nirt agus pléisiúir. Agus tagairt á déanamh aige don fhile Sofaicléas, san uair a fiafraíodh de an raibh sé fós in ann suirí le bean, deir Cephalus go ndúirt an file: "Ná labhair liom faoi sin; Is maith liom gur fhág mé i mo dhiaidh é agus gur éalaigh mé ó mháistir a raibh mire agus fiántas air". Deir sé gur maith an rud é bheith saor ó "mhothúcháin den sórt seo", nuair nach mbíonn do mhothúcháin chomh tréan agus a bhí agus nach mbíonn tú i do sclábhaí acu a thuilleadh. Deir sé go bhfuil sé éasca an tseanaois a fhulaingt má bhíonn tú ciallmhar ina leith. Is mar gheall ar a mianach seachas a n-aois í an easpa measa a bhíonn ag teaghlaigh ar sheandaoine.

(20)

**(b) Cuntas comhleanúnach ar an mbuntáiste a bhaineann le bheith saibhir agus in aois mhór. (Dealramh ex 15.)**

An buntáiste a bhaineann le bheith saibhir agus an bás ag druidim leat? Deir sé gurb é mianach an duine seachas a chuid saibhris an rud a shocraíonn an chaoi a nglacann sé leis an tseanaois. Cuireann sé in iúl nach mbeidh fear a bhfuil drochmhianach ann socair ann féin choíche, fiú má tá sé saibhir, ach aithníonn sé freisin nach aon chabhair don fhear maith, fiú, an bochtaineacht agus aois mhór air. Leagann Cephalus béim freisin ar an imní agus ar an eagla roimh phionóis sa saol eile a thagann ar fhear nuair a bhíonn an bás ag druidim leis. An té a rinne an t-olc ina shaol, is minic a dhúisíonn sé istoíche agus sceimhle air, ach is mór an chabhair an saibhreas toisc go gcuireann sé le cumas duine an chaimiléireacht agus an bhréagadóireacht nach d'aon turas a sheachaint, chomh maith leis an imní go mb'fhéidir gur fhág sé íobairt éigin le Dia gan ofráil nó fiach éigin le fear gan íoc.

(15)

**(c) Dhá chúis (8+7) ach dul i ngleic le dearcadh Cephalus.**

Do thuairim air seo? Is dócha go n-aontóidh iarrthóirí le Cephalus; is gá dhá chúis fhorbartha ar a laghad a thabhairt leis sin anseo.

(15)

(iii)

**(a) Trí phointe (10+10+10)**

Na cúiseanna a thugann Platón faoi dhul go Sioracús den chéad uair? Is é an phríomhchúis ná go bhfuil Díón lánchinnte gur féidir cur ina luí ar Dhiníseas óg gabháil le saol an fhealsaimh, rud a d'fhágfadh an tSicil faoi shíocháin agus faoi shonas. Bhí an-chion ag Platón ar Dhíón agus déanann sí achainí an-láidir leis. Cheap Platón gur deis mhaith a bhí ann a theoiricí a thástáil agus go mb'fhéidir gur lú an meas a bheadh aige air féin mura dtapódh sé an deis. Is mór aige an meas atá ag Díón air agus an cairdeas eatarthu, rud nár mhaith leis a chailleadh, agus is féidir go bhfuil Díón i mbaol báis.

(30)

**(b) Trí phointe (7+7+6)**

Mar chuid den chomhairle a thugann sé sa litir do lucht leanúna Dhíón tá gur chóir dóibh an riail absalóideach a chur in ionad an rialtais bhunreachtúil agus riail an dlí; moráltacht na saoránach a athchóiriú; daoine a athlonnú sna cathracha Gréagacha a scriosadh; dóthain den chosaint in aghaidh na gCartagach a thabhairt do na Gréagaigh.

(20)

(iv)

**(a) Trí phointe (14+13+13)**

Dearcadh Phlatón ar ról an cheoil san oideachas idéalach? Ar an gcéad dul síos, creideann Platón gur cuid riachtanach den saol é an ceol seachas rud sa bhreis. Tuigtear go n-imríonn ceol tionchar fíorláidir ar dhuine, idir mhachnamh agus ghníomh, agus gurb shin é an fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis. Is é an rud is mó is cás leis an cineál ceoil lena n-éisteann na Gardaí. Baineann sé de thátal as sin go bhfuil dlúthcheangal idir ár n-iompraíocht agus an tionchar a imríonn cineálacha áirithe ceoil orainn. Deir Sócraitéas go n-imríonn cineálacha áirithe ceoil drochthionchar ar a ndéanaimid agus gur chóir iad a sheachaint, ach go n-imríonn cineálacha eile (m.sh. amhráin mháirseála do shaighdiúirí faoi mar atá ag na Dóraigh agus muintir na Frigia) dea-thionchar orainn. Ní bheadh sé sásúil in aon chor Gardaí a bheith bog, díomhaoin ná ar meisce, mar sin caithfear cúl a thabhairt leis na móid shuaimhneacha Lidiacha a úsáidtear in amhráin óil, mar níl aon leas le baint astu agus saighdiúirí á n-oiliúint.

Ní fhágann sin ach an mód Dórach agus an mód Frigiach mar rud inghlactha – ceann acu dian, an ceann eile taitneamhach. Tabharfaidh an chéad mhód (an ceann dian) léiriú cuí ar ghlór agus ar bhlas cainte an fhir chróga atá i mbun seirbhíse míleata nó atá ag tabhairt faoi ghaisce chontúirteach éigin eile ina bhfuil sé i mbaol díobhála, báis nó aon mhí-áidh eile, agus léireofar sin ar bhealach atá chomh rundaingean céanna leis-sean. Tabharfaidh an dara mód (an ceann taitneamhach) léiriú air in aimsir na síochána agus é i mbun gnáthchúraimí an tsaoil dá dheoin féin – é ag cur ina luí ar dhuine éigin iarratas a cheadú, ag guí chun dé, ag cáineadh comharsan, ag géilleadh do dhaoine eile maidir lena n-iarratais agus a dtreoracha agus an méid a chuireann siad ina luí airsean; agus trí na rudaí sin ar fad ní bheidh aon chonsaeit air, ach beidh measarthacht agus gnáthchiall aige agus toil leis glacadh lena bhfuil i ndán dó. Is éard a chuireann an dá mhód in iúl an misneach agus an mheasarthacht in aimsir an áidh agus an mhí-áidh.

Ní bheidh gá mar sin le huirlisí ceoil a bhfuil go leor téad agus réimse mhór armónach iontu, dála cruiteanna, cruitchlár agus fliúiteanna. Ní bheidh gá ach le lir agus ciotára. Trí Apalló agus a chuid uirlisí a mholadh thar Marsyus agus a chuidsean, deir Sócraitéas go raibh siad ag fáil réidh leis an tsócúlacht a raibh an stát thíos léi, dar leo, agus nach raibh aon chiall leis sin.

Ní bheidh aon ghá le rithimí casta comhcheangailte; níl de dhíth ach iad siúd a oireann do shaol an mhisnigh agus an smachta. Ní mór an méadar agus an tiúin a chur in oiriúint do na focail, seachas an bealach eile timpeall. Admhaíonn Sócraitéas, áfach, nach féidir leis a rá céard iad na rithimí a oireann do shlí mhaireachtála áirithe agus na cinn nach n-oireann. Beartaíonn sé, mar sin, dul i gcomhairle leis an gceoltóir cáiliúil Damón le fiafraí de céard iad na comhcheangail rithimí a chuireann an fearg, an sotal, an bhuile agus drochthréithe eile in iúl, agus céard iad na cinn is gá a úsáid chun a malairt a chur in iúl.

Níl dabht ar bith ar Shócraitéas, áfach, gurb í an áilleacht agus an ghránnacht toradh na dea-rithime agus na drochrithime faoi seach. Dea-rithim a bhíonn de thoradh ar dhea-cheoil a oireann don dea-fhilíocht; a mhalairt atá i gceist le drochrithim. Mar chlabhsúr, is iad na focail a chaithfidh mód agus rithim an cheoil a shocrú, seachas an bealach eile timpeall.
(40)

**(b) Cúis amháin (10)**

An aontaíonn tú leis nuair a thugann sé cúl le cineálacha áirithe ceoil? Cén fáth? Is féidir le hiarrthóirí aontú nó easaontú leis; freagra pearsanta atá ann, ach ní mór cúis mhaith amháin ar a laghad a thabhairt.

(10)

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i)

**(a) (aa) – Decumanus maximus; (3) (d) – Folcadáin; (3) (e) – amharclann; (3) (f) – an fóram; (3) (g) – cúrsa reatha na Tibire (3) (15)**

**(b) Dhá phointe (8+7)**

Tá fothracha na stóras ar a dtugtar *horrea*, áit a gcoinnítí cuid mhór bia, mar is léir, le feiceáil sa bhaile Ostia. Dhá mhíle ó thuaidh de lár an bhaile tá fothracha na gcalafort agus na canála a thóg Cláidias mar nasc leis an Tibir. Tá fothracha chalafort heicseagánach Thráian ann freisin agus sciobóil stórais mórthimpeall orthu mar aon le pálás impiriúil, b'fhéidir. Tá crainn feistithe ann le haghaidh na long agus oifigí gníomhairí loingseoireachta atá le haithint as mósáic agus dealbhóireacht ar chúrsaí mara agus trádála.

(15)

**(c) Dhá phointe (5+5)**

Maidir leis na cineálacha tithe in Ostia, tá an *domus* traidisiúnta ann chomh maith le samplaí breátha den *cenacula* nó *insulae*, ar bloic árasán iad. Spéisiúil go maith, tá an chosúlacht ar chuid de na tithe sin, Teach Diana go háirithe, go raibh siad feistithe agus maisithe go hálainn, rud nach réitíonn leis an ngnáthdhearcadh go raibh *cenacula* ceaptha do na boicht amháin. Murab ionann agus an Róimh féin, níl aon fhianaise ann go raibh plódtithe in Ostia.
(10)

**(d) Dhá phointe (5+5)**

Bhí colúnraí feadh an fhóraim agus cruth fada sínte air. Bhí teampall maorga amháin ina sheasamh ar bharr póidiam ar an taobh ó thuaidh de, é déanta as brící agus marmar agus de thréimhse Haidrian (agus síltear gurbh é an *Capitolium* é a bhí tiomnaithe do na déithe Iúpatar, Iúnó agus Minéirve). Bhí teampall (marmair) níos lú ina sheasamh ar an taobh eile a bhí tiomnaithe don Róimh agus d'Ágastas.
(10)

(ii)

**(a) Comparáid ina léirítear tuiscint ar an dá fholcadán. (15+15)**

Léiríonn an dá fholcadán dhá thréimhse i bhfoirgníocht na bhfolcadán Rómhánach, an luath-thréimhse agus tréimhse níos déanaí. Is den luath-thréimhse iad na Folcadáin Stáibiacha a tógadh i bPoimpé. Tá siad eagraithe go neamhrialta agus níl mórán siméadrachta iontu. Tá cruth na seomraí neamhrialta agus tá an chuma orthu go bhfuil siad ar fud fad a chéile agus "anabaí". Tá Folcadáin Haidrian i bhfad níos néata agus níos siméadraí. Is léir go raibh córas i bhfeidhm faoin am sin a d'fhág gur cuireadh na folcadáin in eagar agus i gcothromaíocht níos fearr. Tá Folcadáin Haidrian níos forbartha ó thaobh na húsáide a bhaintear as boghtaí agus colúnraí agus tá réimse saoráidí níos leithne ann freisin – seomraí forthéite, níos mó

tumfholcadáin, chomh maith le leabharlann agus seomraí aclaíochta. Tá na seomraí níos rialta agus i bhfad níos maorga agus níos fairsinge.

(30)

**(b) Cur síos comhleanúnach (10)**

Hipeacóst (3) a thugtaí air seo agus is éard a bhí ann ná tine ollmhór a bhí á fadú thíos faoi bhun urlár na bhfolcadán. Théigh sé sin an t-uisce sa choire os a chionn chun uisce te agus bogthe a chur sna folcadáin. Ardaíodh urlár na seomraí te agus bogthe ar cholúin bhrící, sa chaoi go bhféadfadh teas na tine bogadh timpeall faoina bhun. Ballaí cuasa a bhí i mballaí na seomraí seo freisin, rud a lig don teas teacht aníos agus an seomra a théamh ina iomláine. (10)

**(c) Dhá phointe (5+5)**

Bhí an-tábhacht ag baint leis na folcadáin i saol sóisialta na Sean-Rómhánach. Is cosúil go mbíodh gach duine, idir shaibhir agus daibhir, ag tabhairt cuairt ar na folcadáin. Is cosúil go mbíodh an chuid is mó de na Rómhánaigh ag dul ann beagnach gach aon lá, agus ba mhór an comhthionól é de dhreamanna éagsúla i sochaí na Róimhe. Níor le haghaidh folcadh amháin iad na folcadáin; d'fhéadfadh cuairteoirí aclaíocht a dhéanamh, páirt a ghlacadh in imeachtaí sóisialta agus staidéar a dhéanamh sna leabharlanna, sna músaeim agus sna hallaí léachtaí a bhí nasctha le cuid de na folcadáin. Bhí bia le ceannach ann agus ba ghnáthúit é chun bualadh le cairde agus scíth a ligean, ach théadh daoine ann freisin chun an iomarca a ithe agus a ól agus chun bualadh le striapacha.

(10)

(iii)

**(a) Dhá phointe (10+10)**

Is é an phríomhdhifríocht stíle idir an dá dhealbh bhrád seo go bhfuil léiriú ginearálta ar Pheiricléas, fear Gréagach den tréimhse ardchlasaiceach. Is portráid réalaíoch í d'fhear a bhfuil a chlogad curtha go baithis aige, ach níl aon indibhidiúlacht ná pearsantacht ann. Ní airítear gurb é seo dreach Pheiricléas i ndáiríre ach leagan "aerscuaibe" ina scriostar na lochtanna agus a léirítear idéal ina áit. Ar an taobh eile den scéal, tá dreach Philib an-réadúil ar fad. Níl a aghaidh go hiomlán siméadrach ná mín, taispeántar na línte graince atá air agus, ar an iomlán, tá an chuma air gur duine géar dáiríre é. Tuigtear dúinn go bhfuilimid ag breathnú ar fhíorfhear, murab ionann agus an "cineál" a thaispeántar sa dealbh bhrád Ghréagach. Díríonn stíl amháin ar a bhfuil foirfe agus tugann an ceann eile léiriú i bhfad níos nádúrtha ar an duine is ábhar de.

(20)

**(b) Trí phointe (10+10+10) Is féidir Pilib a chur san áireamh anseo freisin.**

Tá roinnt samplaí maithe in Wheeler den chaoi a láimhseáil na Rómhánaigh go réadúil le pearsantacht na ndaoine ab ábhar den dealbhóireacht phortráide. Ba ghá le hiarrthóirí trí cinn ar a laghad a lua. Ar na cinn is soiléire tá an tseanbhean a bhfuil cuma chrosta uirthi, Pilib Arabach, an tImpire Commodus agus na portráidí den duine saortha agus dá theaghlach ar an tuama. Tá an-éagsúlacht agus indibhidiúlacht iontusan uile. D'fhéadfadh iarrthóirí tagairt a dhéanamh freisin don Rómhánach atá ag iompar na masc báis agus do na dealbhóireachtaí portráide ar an Ara Pacis. Mar gheall ar an mbéim a leagann na Rómhánaigh ar an réadúlacht ("faithní agus eile"), faighimid tuiscint mhaith ar an duine is ábhar don phortráid. Cur chuige nua a bhí ansin nach bhfacthas san ealaíon roimhe sin, i ndáiríre. Áirítear leis sin an léiriú réadúil ar "chineálacha" nua a bhaineann leis an éagsúlacht eitneach, mar shampla, nó le seandaoine agus le daoine a bhí an-óg.

(30)

(iv)

**(a) Cur síos comhleanúnach ar a bhfuil ag tarlú sa phéintéireacht. (15) 10 ar a mhéad mura luaitear ainmneacha.**

Sa phéintéireacht seo, tá Aichill óg ag iarraidh cor a thabhairt dóibh siúd a bhéarfadh chun comhraic i gCogadh na Traí é; tá bréagriocht chailín air agus cuirtear chun Scyros é. Is iad Odaiséas agus Diomedes a nochtann é nuair a bhuaileann siad bob air: tugann siad bosca dó ina bhfuil claíomh agus áilleagáin a thaitneodh le cailín, ach is é an claíomh a roghnaíonn sé. (15)

**(b) Dhá phointe (5+5)**

Dar le Wheeler, is é an rud is díol spéise faoi cheann Aichill sa phéintéireacht seo an ghnúis áibhéalach bhríomhar atá air, rud a thugann le fios gur aisteoir éigin as stáitse áitiúil atá ann nó an pátrún féin, b'fhéidir, ag imirt ról an laoich. Is cinnte go bhfuil cuma aisteach air i gcomparáid leis an gcuid eile den phéintéireacht. Níl mórán dealraimh leis agus is féidir gur le healaíontóir níos déanaí é.

(10)

**(c) Trí phointe (9+8+8)**

Tá gníomhaíocht agus drámaíocht curtha in iúl ag an ealaíontóir trí úsáid láidir a bhaint as fiarláin sa phéintéireacht, rud a chruthaíonn atmaisféar fuadrach fuinniúil. Cuireann na dreacha atá lán le hiontas agus le drámaíocht, na géaga atá ag lúbarnaíl agus an staidiúir áibhéalach uile leis an atmaisféar fuadrach fuinniúil. Éadaigh ar foluain nó ar ghéag amháin, sleánna a fhrámaíonn na príomhcharachtair, greim á bhreith ar an gclaíomh, na háillegaín, etc. Úsáid bainte as dathanna atá in imeartas le chéile.

(25)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán